Tuarascáil Bhliantúil

2017

HRB
Health Research Board

Taighde.
Fianaise.
Gníomh.

An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

Health Research Board
Grattan House
67-72 Lower Mount Street
Dublin 2
D02 H638
Ireland

t +353 1 234 5000
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie

@hrbireland

Clár na nÁbhar

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh **4**

Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS i rith 2017 **6**

Príomhspriocanna insroichte i gcomhréir le straitéis BTS 2016–2020 **12**

Aguisín A – Liosta fhoilseacháin an BTS in 2017 **35**

Aguisín B – Dámhachtainí BTS a bronnadh in 2017 – go Príomhimscrúdaitheoirí **37**

Aguisín C – dámhachtainí BTS in éineacht le comh-mhaoinitheoirí **52**

Torthaí agus Tionchar in 2017

HRB

11,590
othar ag glacadh páirte i dtrialacha sna trí ÁisTaighde Chliniciúil (ATC) de chuid an BTS

3,569
othar ailse earcaithe le haghaidh 122 triail chliniciúil de chuid Cancer Trials Ireland

74,000
taifead beo ar LINK

650
Oiliúint curtha ar duine ó 153 sheirbhísí chun an Córas Náisiúnta Tuarascála um Chóireáil Drugaí (NDTRS) a úsáid ar LINK

197
iarratas ar shonraí ó NHIS an BTS faighte agus freagairt tugtha orthu

€80.7m
bronnta (comh-mhaoiniú de €23.2m san áireamh)

5
athbhreithniú fianaise déanta don Roinn Sláinte

157
dámhachtain thar 14 hóst-institiúid

8
n-alt a ndearnadh piarmheasúnú orthu foilsithe agus úsáid á baint as sonraí NHIS de chuid an BTS

€12.5m
giaráilte ó H2020 le haghaidh 12 thionscadail a bhaineann le sláinte

325
triail chliniciúil sna trí Áis Taighde Chliniciúil (ATC) de chuid BTS

9
dtuarascáil BTS foilsithe

469
tacaíodh le **post taighde**

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh

An Dr Máiread O'Driscoll
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

Tá an BTS ag bailiú nirt i gcónaí, agus dhá bhliain dár straitéis caite againn. Le tabhairt isteach scéimeanna nua dámhachtana, imrítear tionchar ar thaighdeoirí, tacaítear le bonneagar um thaighde sláinte a fhorbairt agus forbraítear acmhainn chun an taighde a chumhdach inár gcóras sláinte. Léirítear ár gclú agus ár gcáil as sonraí agus fianaise ardchaighdeáin a chur ar fáil sna beartais náisiúnta agus sna cuirí do bhaill foirne bheith ina mbaill de tháscfhórsaí agus de ghrúpaí náisiúnta.

Is léir ár dtionchar, agus tionchar ár gcuid oibre, ar fud na tíre agus na hEorpa araon. In Éirinn tá muid chun tosaigh i réimsí lárnacha mar thaighde oscailte agus rannpháirtíocht an phobail agus othar sa taighde. Bhí ról lárnach againn sa straitéis náisiúnta drugaí nua a fhorbairt, thug muid fianaise lárnach chun tacú le cinnteoireacht ó thaobh seirbhísí cúraim bhaile a rialáil agus a mhaoiniú, agus tugadh cuireadh dúinn páirt a ghlacadh i dtáscfhórsa an rialtais ar bhuiséid phearsantaithe do dhaoine faoi mhíchumas.

San Eoraip tá poist cheannaireachta againn i ngrúpaí comhairleacha i réimsí mar ionracas taighde, bithbhaincéireacht, taighde oscailte agus leigheas pearsantaithe. Tá impleachtaí móra againn siúd go léir do thaighdeoirí Éireannacha agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh Éire in ann a tuairim a chur in iúl.

Tá muid ag tógáil ar an mbonn láidir atá leagtha amach i *Straitéis 2016–2020, Taighde, Fianaise, Gníomh*. Chuimsigh an dul chun cinn a rinneadh i gcomhréir le cuspóirí i rith 2017:

- Rogha dámhachtainí nua a mhaoiniú ar luach níos mó ná €80 milliún, ar aon dul lenár dtosaíochtaí straitéiseacha; seo cúpla sampla:
  - Comhdhámhachtainí Dochtúireachta
  - Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua
  - Tionscadail faoi stiúir Imscrúdaitheora
- Comh-mhaoiniú a mhéadú le carthanais taighde, tionscnaimh chomhchláir an AE, Wellcome agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, Fulbright agus na hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte sna Stáit Aontaithe.
- Rannpháirtíocht mhéadaithe inár gcóras nua ar líne um bailiú sonraí, LINK, ar clár uaillmhianach é chun sioncrónú a dhéanamh ar ár gcúig chóras náisiúnta um faisnéis sláinte agus sonraí a fháil ar líne ó sholáthraithe seirbhíse.
- Cúig athbhreithniú fianaise a dhéanamh don Roinn Sláinte.
- Tacaí agus meicníochtaí nua a thabhairt isteach a spreagann (a) don phobal bheith ina rannpháirtithe sa phróiseas taighde (agus ní díreach mar ábhair taighde amháin) agus b) cabhrú le taighdeoirí cláir chuí um rannpháirtíocht an phobail agus othar a fhorbairt agus a chuimsiú ina gcuid gníomhaíochtaí taighde.

€80.7m

infheistithe chun tacú le 157 dámhachtain thar 14 hóst-institiúid

- Ag fógairt ár bplean chun Taighde Oscailte BTS, céad ardán foilsitheoireachta na hÉireann um rochtain oscailte, a sheoladh
- Raon leathan gníomhartha a chur i gcrích ónár gclár forbartha pearsanta agus eagraíochta
- Spriocanna sláinte Horizon 2020 a bhaint amach ó thaobh maoiniú a fháil.

Trínár meicníochtaí maoinithe, seo a leanas a bhain an BTS amach:

- Infheistíodh €80.7m chun tacú le 157 dámhachtain thar 14 hóst-institiúid
- Tugadh tacaíocht do 469 post taighde
- Cabhraíodh le taighdeoirí Éireannacha €12.5 milliún a ghiaráil ó Horizon 2020.
- Ghlac 11,590 othar páirt i 325 triail chliniciúil in Áiseanna Taighde Chliniciúil (ATC) an BTS.
- Cuireadh ar chumas 3,569 othar ailse clárú i gcomhair trialacha cliniciúla de chuid Cancer Trials Ireland.
- Bronnadh ár gcéad dhámhachtainí um Imscrúdaitheoirí Nua chun bealach i dtreo ceannaireachta a chur ar fáil do thaighdeoirí atá i lár a slí bheatha.

Tá samplaí eile agus cás-staidéir a léiríonn an méid a baineadh amach i rith na bliana le feiceáil ar fud na tuarascála seo.

Tá díograise agus fuinneamh na ndaoine atá ag obair sa BTS ríthábhachtach chun na spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach atá leagtha amach *Straitéis an BTS, 2016–2020 Taighde, Fianaise, Gníomh*. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chur chuige solúbtha agus forásach atá glactha ag baill foirne i rith na bliana agus dá ngealltanas chun na prionsabail lárnacha a threoraíonn gníomhaíochtaí go léir an BTS. Freisin ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus do ghealltanas leanúnach ár mbaill Bhoird.

Ag smaoineamh faoin todhchaí, tá muid geallta chun an taighde a chumhdach i gcroílár an chórais sláinte agus leanúint orainn ag aimsiú bealaí nua chun ár sonraí agus ár bhfianaise a úsáid mar bhonn eolais don bheartas agus don chleachtas.

An Dr Máiread O'Driscoll
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS i rith 2017

Básanna Bainteach le Drugaí in 2015

695 Básanna

- **348** Cás mar thoradh ar nimhiú
- **347** Cás Nár Bhain le Nimhiú

Ní gá gurb í an fhuil is úire an fhuil is fearr

Dúirt an tOllamh Alistair Nichol, a bhí i gceannas ar an ngéag Éireannach de staidéar TRANSFUSE a raibh 4,919 othar i 59 n-ionad i gcúig trí rannpháirteach ann: 'Sábhálfaidh na fionnachtana seo airgead agus beatha. Ní bheidh ar bhainc fhola ar fud an domhain córais agus cleachtais stórála a athrú agus iad ag creidiúint, agus dul amú orthu, gur fearr fuil níos úire d'othair atá i mbaol báis'.

Níos mó ná

3,000

Tá othair Éireannacha ag baint leasa as idirghabháil nua a choisceann cliseadh croí. Má chuirtear i bhfeidhm ar fud na tíre í, d'fhéadfadh go sábhálfaí 138,000 lá leapa.

€8.3m

do 11 Imscrúdaitheoir Nua a chabhróidh le hacmhainn taighde a fhorbairt i réimsí mar eacnamaíocht sláinte, bithstaidreamh, imdhíoneolaíocht, leigheas riospráide, síceolaíocht, bitheolaíocht mhóilíneach agus cheallach, agus taighde ar sheirbhísí sláinte.

D'fhógair an BTS go seolfaidh sé céad ardán na hÉireann um foilsitheoireacht oscailte taighde. Cabhróidh sé le déanamh cinnte go mbeidh an taighde a mhaoiníonn sé oscailte agus inrochtana, ionas go mbeidh torthaí ar fáil go tapa agus go mbeidh an tionchar is leithne agus is féidir acu.

Tuarascálacha ar sheirbhísí míchumais foilsithe

Finian Mc Grath, T.D., an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta as Míchumais, ag searmanas bronnta duaise chun an bheirt úsáideoirí seirbhíse a cheiliúradh a bhuaigh an comórtas chun an dá chlúdach a dhearadh don tuarascáil ar sheirbhísí míchumais; John Murphy as Teach Mhíchíl agus Olga Forde ó Bhráithre na Carthanachta, Gaillimh.

538

Thaispeáin an anailís ar fhoilseacháin irise arna dtacú ag an BTS ó 2013 go 2016 go raibh 538 foilseachán in aghaidh na bliana, ar an meán. Tá líon na bhfoilseachán irise arna maoiniú ag an BTS ag dul i méid le himeacht ama agus tá 15% díobh siúd sna 10% d'fhoilseacháin is mó a luaitear ina réimse ar fud an domhain.

Figiúir um chóireáil alcóil

Aicmiú an leibhéal d'úsáid fhadhbach drugaí

	2009	2015
Guaiseach	15%	9%
Díobhálach	13%	18%
Spleách	46%	62%

D'fhoilsigh an BTS sonraí mionsonraithe faoi othair shíciatracha isteach agus amach.

D'fhoilsigh an BTS figiúir um chóireáil drugaí agus chuir sé staid na hÉireann i gcomparáid leis an gcuid eile den Eoraip.

#

Níos mó ná 900 léiriú spéise chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh an BTS um rannpháirtíocht an phobail agus othar sa taighde:

'Chothaigh sé muinín ionam go ndeachaigh airgead an phobail arna chaitheamh ar an taighde trí phróiseas dian athbhreithnithe'.

Rannpháirtí a ghlac páirt sna hathbhreithnithe.

Seo Jane

Tá a fhios ag Jane go bhféadfadh go n-éireodh sí breoite lá éigin.

Is mian le Jane bheith rannpháirteach i dtaighde sláinte chun cúram sláinte a fheabhsú amach anseo.

Tosaíonn Jane ag obair mar mheasúnóir poiblí don Bhord Taighde Sláinte.

Tá Jane cliste.

Bí cosúil le Jane

HRB An Bord Taighde Sláinte Health Research Board

€1.75m

leithdháilte chun cabhrú le taighdeoirí ról a thabhairt don phobal ó thuas an phróiseas taighde sláinte.

Thaispeáin taighde sláinte i ngníomh roinnt spriocann insroichte lárnacha ó obair an BTS.

The HRB is supporting the National Office for Suicide Prevention to examine data about national levels of suicide and self-harm.

#HRBResearchInAction

Infheistíonn an BTS, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Wellcome €5.5m i dtionscadail taighde bithleighis. I measc na réimsí atá chun leas a bhaint as dul i ngleic le tarbhfhrídí (MRSA) agus eolaíocht néarchórais na cuimhne.

Cuir chuige nua chun aghaidh a thabhairt ar tharbhfhrídí

Tá dhá thionscadal um thaighde Éireannach foilsithe ag an BTS ina ndéantar staidéar ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an slabhra soláthair bia ar fhrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach. Tá an maoiniú sin mar chuid de chomhar taighde AE agus idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach, atá ina dúshlán domhanda.

An chaoi a bhfaigheann eitinn seilbh ar an gcóras imdhíonach.

Tá taighdeoirí arna maoiniú ag an BTS i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus in Ospidéal San Séamas ina mbaill d'fhoireann idirnáisiúnta a d'aithin conas a fhaigheann eitinn seilbh ar ár gcealla imdhíonacha chun ionfhabhtú a chruthú sna scamhóga.

€10m

Déanfaidh an BTS conradh nua €10m a dhámhachtain agus a bhainistiú do TILDA, Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois, thar ceann an Roinn Sláinte.

€8.8m

Maoiniú INTERREG faighte um infheistíocht trasteorann i 10 dtriail idirghabhála cúraim sláinte ag an BTS in Éirinn agus an Rannán um Thaighde agus Forbairt Cúraim Sláinte agus Shóisialaigh (HSC R&D) sa Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann.

Tháinig Scoil an Clocháin i dTuaim, Co. na Gaillimhe sa chéad áit i gcomórtas START ag HRB-TMRN, atá deartha chun tuiscint agus feasacht páistí óga faoi thrialacha randamaithe faoi riail a mhéadú.

Bhí an Dr Maura Hiney, an BTS, ina cathaoirleach ar Chód Iompair nua na hEorpa um Ionracas Taighde, atá aistrithe i dteangacha oifigiúla go léir an Aontais Eorpaigh (AE), agus go Seapáinis agus Tuircis, ó shin.

€5.7m

do cheithre cinn nua de scéimeanna um oiliúint ar thaighde sláinte. Beidh na Comhdhámhachtainí Dochtúireachta sin sna réimsí meabhairshláinte óige, díobháil inchinne iarbhreithe, cúram daoine scothaosta, agus ilghalracht i suíomhanna cúraim phríomhúil.

'Bhí baint ag cógais a d'fhéadfadh a bheith míchuí le méadú de 29% ar dhrochimeachtaí drugaí in othair scothaosta', a shonraíonn an Dr Franky Moriarty, Ionad an BTS um Thaighde Cúraim Phríomhúil i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.

Bhí dhá athbhreithniú fianaise mar bhonn eolais don straitéis náisiúnta nua ar dhrugaí *Dochar a Laghdú, Tacú le hAthshlánú: Freagairt faoi stiúir na sláinte ar chaitheamh drugaí agus alcóil in Éirinn 2017-2025.*

'Tá aon instealladh amháin de dháileog íseal d'fhachtóir fáis 1 atá cosúil le hinslin slán sábháilte agus is féidir leis deisiú cairdiach a fheabhsú tar éis taom croí mór', a shonraíonn an tOllamh Noel Caplice, Cathaoirleach Eolaíochtaí Cardashoithíocha, UCC. Scéim na nDámhachtainí Taighde Aistrithigh ag an BTS-SFI.

Ghnóthaigh taighdeoirí ó chuibhreann Perinatal Ireland, arna mhaoiniú ag an BTS, dhá onóir mhór ag an gcruinniú is measúla ar an domhan ar thaighde cnáimhseachais, cruinniú cliniciúil bliantúil an Society for Maternal Fetal Medicine (SMFM) i SAM.

Bronnadh céad dhámhachtain chuimhneacháin an Dr Dermot Walsh, ag baintreach an Dr Walsh, Eilis ar Maureen Buckley, a dhear clúdach tosaigh thuarascáil BTS dar teideal *Gníomhaíochtaí Aonad agus Ospidéal Síciatrach in 2016*. Tá an tuarascáil curtha le chéile ón mbunachar sonraí a bhunaigh an Dr Walsh i 1963, an Córas Náisiúnta Tuarascála um Othair Chónaithe Shíciatracha.

An Dr Siobhan Hendrick, an BTS, le Sophie Weldon, Laura Weldon agus Emma Kleiser Byrne, Meánscoil Loreto, Baile Brigín, Co Bhaile Átha Cliath i dTaispeántas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT. Ghnóthaigh tionscadal na ndaltaí, inar díríodh ar dhiaibéiteas, duais an BTS ag an taispeántas.

Léirítear sa taighde go bhfuil na daoine atá ag teacht i láthair agus andúil i ndrugaí orthu níos sine. Bhí Anne Marie Carew (sa phictiúr) ina comhúdar ar pháipéar faoi threochtaí sa chóireáil drugaí i measc úsáideoirí ópóideach.

Comhdháil Ones2Watch

D'fhreastail 100 duine ar an gcéad chomhdháil agus imeacht líonraithe do thaighdeoirí maoinithe ag an BTS atá ag tús nó i lár a ngairme. Tá na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais de Chomórtas Ones2Watch an BTS sa phictiúr anseo leis an Dr Anne Cody (ar dheis ar fad), an BTS.

D'aontaigh an BTS agus an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí (Tuaisceart Éireann) ar infheistíocht trasteorann trí-bliana i dtaighde ar chúram maolaitheach. Tacóidh an infheistíocht le hearcú ball foirne chun cabhrú le huasmhéadú aistriú eolais na bhfionnachtana sa bheartas agus sa chleachtas.

3 bliana

Infheistíocht trasteorann

Úsáideadh sonraí an BTS chun na ceangail a scrúdú idir easpa dídine, drochshláinte mheabhrach agus úsáid drugaí. Bhí Ena Lynn (sa phictiúr), an BTS, ina comhúdar ar staidéar a foilsíodh san Irish Medical Journal.

Substaintí sícighníomhacha – léiríonn sonraí an BTS tionchar an bheartais.

Sa chéad staidéar náisiúnta ar thionchar Acht na Substaintí Sícighníomhacha 2010 fuarthas gur laghdaigh na meánrátaí cóireála um shubstaintí sícighníomhacha nua (SSGNanna) faoi nach mór 50% sna dá bhliain tar éis gur tugadh isteach an reachtaíocht in 2010. Bhí an Dr Suzi Lyons (sa phictiúr) ón BTS, ina comhúdar.

Sheol Leabharlann Náisiúnta Drugaí an BTS láithreán gréasáin nua.

An Dr Mairead O'Driscoll (ag an tús agus ar dheis), Príomhfheidhmeannach Eatramhach, an BTS, agus daoine eile ag seoladh Ionad na Tríonóide um Aosú agus Míchumas Intleachta.

1

Príomhspriocanna insroichte i gcomhréir le straitéis BTS 2016 – 2020

I Straitéis an BTS, 2016–2020 leagtar bealach soiléir maidir leis an méid a dhéanfaidh an eagraíocht i gcaitheamh na tréimhse sin.

Sa tuarascáil bhliantúil seo leagtar béim ar phríomhéachtaí a baineadh amach in 2017 i gcomhréir le cuspóirí na straitéise, agus taispeántar roinnt samplaí de thorthaí agus de rath suntasach.

Fíor 1.
Gnéithe lárnacha de straitéis 2016-2020 an BTS

Tá ár dtrí phríomhréimse fócais agus cumasóirí comhlántach agus idirspleách, agus díreoimid orthu ag an am céanna i rith thréimhse na straitéise.

RÉIMSE FÓCAIS 1
Déileáil le dúshláin mhóra sláinte

RÉIMSE FÓCAIS 2
Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte

RÉIMSE FÓCAIS 3
Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

CUMASÓIR A
Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla

CUMASÓIR B
Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú

CUMASÓIR C
Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú

Réimsí fócais

Agus muid mar phríomhghníomhaireacht náisiúnta taighde sláinte in Éirinn, tá sé mar fhreagracht orainn infheistíocht a dhéanamh sa saol amach anseo agus freastal ar riachtanais chóras sláinte an lae inniu. Tá smaointe iontacha mar bhonn le cuid mhaith den dul chun cinn i gcúram sláinte. Tá sainmhíniú déanta againn ar na trí réimse fócais chomhlántacha ar leith seo a leanas a mheasaimid a bheith ar na cinn is oiriúnaí leis an BTS agus a phobal a threorú i rith na tréimhse 2016-2020 agus ina dhiaidh sin:

- Déileáil le dúshláin mhóra sláinte.
- Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte.
- Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

Téamaí cumasúcháin

Beidh dul chun cinn sna trí réimsí fócais cumasaithe agus méadaithe ag beartais agus gníomhartha a mbíonn tionchar acu ar na trí cinn go léir:

- Tacú leis na taighdeoirí agus ceannairí den chéad scoth atá de dhíth orainn chun taighde sláinte ardchaighdeáin a dhéanamh agus fianaise a chruthú.
- Timpeallacht láidir chumasúcháin a fhorbairt do thaighde sláinte in Éirinn agus cinntiú go bhfuil tuiscint againn ar na torthaí agus tionchair ár n-infheistíochtaí a léiriú.
- Cinntiú go bhfuil ár mbeartais agus rialachas láidir agus bunaithe ar dhea-chleachtais.

Réimse Fócais 1

Dul i ngleic le dúshláin mhóra sláinte

Cuspóirí 2017:

- Tacú le taighde ardchaighdeáin atá á stiúradh ag taighdeoirí agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta.
- Deiseanna cómhaoiniúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in éineacht le gníomhaireachtaí agus institiúidí idirnáisiúnta.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2017

- Tugadh 109 dámhachtain, ar luach €8.9m, sa réimse fócais sin.
- Bhí comhar idirnáisiúnta i gceist i 19 ndámhachtain, ar luach €1.4m.
- Seoladh 9ú clár comh-mhaoinithe an BTS-MRCG i mí na Samhna 2017.
- Maoiníodh 37 ndámhachtain nua faoi stiúir infheisteoirí ar luach €12.1m.
- Tacaíodh le trí dhámhachtain nua faoi ionstraim mhaoinithe nua atá dírithe ar thaighde péidiatrach i gcomhpháirt le Fondúireacht Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (NCHF), arna maoiniú go hiomlán ag NCHF ar chostas €0.9m.
- Méadaíodh líon na n-iarratas agus na ndámhachtainí faoi Chomhpháirtíocht Taighde Bithleighis Wellcome/BTS/SFI.
- Faoi straitéis an BTS *um rannpháirtíocht i dtaighde AE*, ghlac an BTS páirt i gceithre ghairm thrasnáisiúnta in 2017. Ina measc siúd bhí: Comhchláir ar Ghalair Néaraimheathlúcháin (JPND), Tionscnaimh um Chomhchláir (TCC) ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Antaibheathach (AMR) agus Aiste Bia Fholláin um Shaol Folláin (HDHL). Freisin d'ullmhaigh an BTS i gcomhair sé ghlao trasnáisiúnta nua atá beartaithe do 2018 (dhá ghlao JPND, dhá TCC in AMR, dhá TCC i HDHL, agus aon ghlao amháin san ERA-Net PerMed ina dtugtar aghaidh ar Leigheas Pearsantaithe).
- Infheistíodh €0.66m i dtaighde trasnáisiúnta ar fhrithsheasmhacht fhrith-mhiocróbach, dul in aois agus néarmheathlúchán. Beidh foireann Éireannach faoi stiúir an Dr Fiona Walsh, OÉ Maigh Nuad, i gceannas ceann de na tionscadail rathúla Idirghabháil an aistriú frithsheasmhachta Frith-mhiocróbaí sa slabhra bia (INART).

Tugadh
109
dámhachtain, ar luach €8.9m, sa réimse fócais sin.

Cás-Staidéar 1:

Aithníodh saineolas an BTS i dtaighde nua i gcomhpháirt le Fondúireacht Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (NCHF)

Bhí beagnach €1 mhilliún le caitheamh ag an NCHF ar thaighde ach ní raibh taithí mhór intí aige ar chomórtais um maoiniú taighde a rith. Mar gheall air sin, rinne sé teagmháil leis an BTS chun comhar féideartha a phlé.

'Chun comórtas cóir, comhionann agus oscailte a rith um maoiniú taighde is gá cuid mhór gníomhaíochta faoin líne', a deir an Dr Anne Cody, Ceann Réamhdhámhachtana sa BTS. 'Is an méid a fheiceann an chuid is mó de dhaoine ná an méid iomlán roinnte ar líon na dtionscadal rathúil, ach níl ansin ach an chuid is lú den scéal.

Ní mór go ndéanfaí gach iarratas a mheasúnú ag triúr measúnóirí ar a laghad, ach ní féidir le duine ar bith acu bheith as Éirinn. Ar an gcéad dul síos, caithfidh tú saineolaithe sa réimse agus a gcuid sonraí teagmhála a aimsiú, socrú nach bhfuil coinbhleacht leasa acu, agus le haghaidh gach duine fhéideartha a dhéanann tú teagmháil leo, d'fhéadfadh nach bhfaighfeá ach ceithre, nó b'fhéidir sé fhreagra. Agus as na freagraí sin, is lú an líon díobh a d'fhéadfadh go mbeadh an t-am acu le bheith rannpháirteach. Freisin is gnách go mbíonn orainn idir ochtar agus dáréag de bhaill phainéil a aimsiú a dhéanfaidh measúnú ar na hiarratais i gcoibhneas lena chéile agus nach mór go mbeadh dearcadh níos leithne acu'.

Ba é a bhí i gceist le scéim 'bheag' dámhachtainí, mar an gcomhpháirtíocht HRB-NCHF, a ndearnadh 15 iarratas uirthi, ná 212 cuireadh a eisiúint le haghaidh piarmheasúnóirí agus cruinniú painéil a thionól chun trí thionscadal a léiríonn scoth na heolaíochta a fhaomhadh chun maoiniú de €1 mhilliún a roinnt.

Léiríonn na figiúir atá leagtha amach le haghaidh na scéimeanna thíos an leibhéal gealltanais agus iarrachta a theastaíonn chun próiseas daingean um athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta a rith, go háirithe agus líon na n-iarratas ag dul i méid.

	Iarratais ar an scéim	Piarmheasúnóirí ar tugadh cuireadh dóibh	Athbhreithnithe ar glacadh leo	Athbhreithnithe déanta	Dámhachtainí tugtha
NCHF 2017	15	212	53	51	3

	Iarratais ar an scéim	Piarmheasúnóirí ar tugadh cuireadh dóibh	Athbhreithnithe ar glacadh leo	Athbhreithnithe déanta	Dámhachtainí tugtha
Tionscadail faoi stiúir Imscrúdaitheora 2017	145	2003	551	469	29

Cás-Staidéar 2:

Infheistíocht €5.1m chun cóireáil d'ailse cholaireicteach a fheabhsú

'Is í an aidhm ná cóireáil shaincheaptha, phearsantaithe a chur ar fáil a fheabhsóidh torthaí do dhaoine a bhfuil an galar orthu'.

Tá an tOllamh Jochen Prehn, (sa phictiúr) Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI), ina bhall de chuibhreann a ghnóthaigh €5.1m faoi Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-na hÉireann. Tagann an maoiniú ó cheithre eagraíocht: na hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte sna Stáit Aontaithe, an Oifig Taighde agus Forbartha ar Chúram Sláinte agus Sóisialach (HSC R&D), an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, Tuaisceart Éireann, agus an BTS agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann i bPoblacht na hÉireann.

Dar leis an Ollamh Prehn, forbróidh an tionscadal bithmharcóirí diagnóiseacha agus prognóiseacha nua do dhaoine ar a bhfuil ailse cholaireicteach.

'Is í an aidhm ná cóireáil shaincheaptha, phearsantaithe a chur ar fáil a fheabhsóidh torthaí do dhaoine a bhfuil an galar orthu'.

'Chuir an dámhachtain sin ar chumas ár bhfoirne foriomláine ár gcuid saineolais a chur le chéile anseo sa RSCI i mbithfhaisnéisíocht agus bitheolaíocht córas le saineolas cliniciúil agus taithí Ollscoil na Banríona Béal Feirste ar fhochineáil mhóilíneacha, agus teicneolaíocht úrnua Cell DIVE atá forbartha ag General Electric, chun oibriú le chéile, agus, tá súil againn, fionnachtana móra a dhéanamh maidir le cóireáil ailse'.

'Den chéad uair, is féidir linn i ndáiríre féachaint ar na céadta mílte ceall ailse, agus gach ceann acu ag léiriú 60–80 próitéine, agus fios againn cén próitéiní atá freagrach as mí-iompar cealla nó as éirí ailseach acu. Athrú amach is amach atá anseo', a dúirt an tOllamh Prehn freisin.

Dar leis an Dr Anne Cody, an BTS,

'Tá ár rannpháirtíocht sa chomhpháirtíocht seo leathnaithe againn agus anois clúdaíonn sí sainchúram iomlán taighde na n-Institiúidí Náisiúnta Sláinte. Le haghaidh taighdeoirí, buntáiste atá ag gabháil leis freisin ná gur gairm rollach atá inti, agus trí dhátaí um leagan isteach, 5 Feabhra, 5 Meitheamh agus 5 Deireadh Fómhair i gceist – agus mar sin tugtar go leor solúbthachta don phobal ó thaobh iarratas a dhéanamh'.

Réimse fócais 2

Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte

Cuspóirí 2017:

- Tacú le dearadh, déanamh agus measúnacht tuarascálacha staidéir idirghabhála.
- An comhordú, na meicníochtaí cumasaithe agus na comhair náisiúnta/idirnáisiúnta a éascú a fheabhsaíonn méid, cáilíocht, ábharthacht agus tionchar trialacha agus staidéar idirghabhála in Éirinn.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2017

- Tugadh 32 dhámhachtain, ar luach €11m, sa réimse fócais sin.
- €6.7 milliún infheistithe i 10 nDámhachtain um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht (DIDInna). Tá na dámhachtainí sin deartha chun taighde a spreagadh i réimse na dtrialacha agus na n-idirghabhálacha cliniciúla agus píblíne taighde a chruthú a d'fhéadfadh bheith mar idirghabhálacha ar scála iomlán amach anseo.
- Tugadh faomhadh do mhaoiniú Chéim II do BTS-TMRN ar luach €1.4m, tar éis athbhreithnithe.
- Dámhadh maoiniú píolótach do BTS-TMRN do thionscadail ar Thaighde Modheolaíochta Príomhúla, ar luach €0.35m.
- Comhordaíodh athbhreithniú idirnáisiúnta ar thrí CRF an BTS. Tosóidh an maoiniú Chéim II de €11.6m a d'fhaomh an BTS in 2018.
- Seoladh gairm nua INTERREG VA um thrialacha trasteorann um idirghabháil cúraim sláinte in éineacht leis an HSC R&D den Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, Tuaisceart Éireann.
- Glacadh páirt mar chomhpháirtí in iarratas rathúil faoi Chomhchiste ERA-NET ag Horizon 2020 an AE le haghaidh Leighis Phearsantaithe. Le rannpháirtíocht BTS déanfar cinnte go mbeidh Éire in ann dul i bhfeidhm ar chlár oibre beartais níos leithne an AE sa réimse sin.

€11m

Tugadh 32 dhámhachtain, ar luach €11m, sa réimse fócais sin.

Cás-Staidéar 3:

€6.7m chun gníomhaíocht taighde chliniciúil a spreagadh

Tá scéim Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht ag an BTS deartha chun gníomhaíocht taighde a spreagadh i dtrialacha agus in idirghabhálacha cliniciúla. Tógann sí ar shraith d'infheistíochtaí ag an BTS roimhe sin a chuir i bhfeidhm na háiseanna, na baill foirne tacaíochta agus na líonra taighde is gá chun taighde trialacha cliniciúla a dhéanamh de réir caighdeán idirnáisiúnta.

Dar le Oonagh Ward (sa phictiúr), an BTS,

'Tugadh 10 ndámhachtain faoin scéim sin in 2017, ar luach iomlán €6.7m. Tionscadail 'idirghabhála deifnídí' ar chomhluach de €4.3m atá i gcúig cinn de na dámhachtainí sin. Is iad cúig cinn eile ná 'staidéir indéantachta' atá deartha chun píblíne a sholáthar um thaighde a d'fhéadfadh dul ar aghaidh chun bheith mar idirghabhálacha deifnídeacha ar scála iomlán amach anseo'.

Bhí cúram cairdiach agus stróic i measc na mbuaiteoirí móra sna tionscadail idirghabhála deifnídí, agus trí cinn de na cúig dhámhachtain ag dul go tionscadail sna réimsí sin. Bhí an dá thionscadal eile ar idirghabháil dheifnídeach i gcúram bainteach le toircheas.

Bliain an-rathúil ar an iomlán ab ea 2017 do thrialacha taighde chliniciúil in Éirinn, agus 11,590 duine rannpháirteach i 325 triail a bhí ar siúl in Áiseanna Taighde Chliniciúil an BTS.

Tháinig ceann de na fionnachtana buaice ón Ollamh Alistair Nichol, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath. Fuair sé amach nach gá gurb í fuil úr an rogha is fearr nuair a thugtar d'othair atá i mbaol báis í. Bhí roinnt fianaise ann a thug le tuiscint gurbh fhearr fuil úr ná fuil níos sine, agus mar thoradh uirthi iarradh ar bhainc fhola a gcuid beartas agus córas stórála a athrú. Dearbhaíonn fionnachtana an Ollamh Nichol go bhfuil na cleachtais reatha sábháilte agus optamach, agus nach gá do sheirbhísí tús a chur le hathruithe costasacha ar a gcuid córas agus cleachtas.

'Tugadh 10 ndámhachtain faoin scéim sin in 2017, ar luach iomlán €6.7m. Tionscadail 'idirghabhála deifnídí' ar chomhluach de €4.3m atá i gcúig cinn de na dámhachtainí sin. Is iad cúig cinn eile ná 'staidéir indéantachta' atá deartha chun píblíne a sholáthar um thaighde a d'fhéadfadh dul ar aghaidh chun bheith mar idirghabhálacha deifnídeacha ar scála iomlán amach anseo'.

Cás-Staidéar 4:

Comhar taighde trasteorann

Infheistíocht €8.8m chun 10 dtriail idirghabhála cliniciúla a mhaoiniú i dTuaisceart Éireann agus sa réigiún teorann* in Éirinn.

Tógann an tionscadal seo, Líonra na dTrialacha Idirghabhála Cúraim Sláinte Trasteorann in Éirinn (CHITIN), ar chomhpháirtíocht atá ann cheana féin idir an BTS in Éirinn agus an HSC R&D sa Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann. Fuarthas an maoiniú mar chuid de Chlár INTERREG VA do 2014-2020. Sin ceann de 60 clár ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) atá deartha chun leibhéil níos fearr de chomhar trasteorann a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus sóisialta a thagann chun cinn de thoradh teorainneacha a bheith ann.

Tarlaíonn go leor trialacha sláinte in ionaid mhóra i gcathracha móra, áit a ndéantar othair a atreorú um chóireáil speisialtóra. Ceadóidh an tionscadal sin rannpháirtíocht i dtrialacha lasmuigh de na hionaid sin i raon níos leithne láithreacha, lena n-áirítear láithreacha cúraim phríomhúil, ospidéil réigiúnacha agus an pobal.

Cabhróidh an tionscadal le bonneagar taighde a fhorbairt agus a leathnú, agus cuirfidh sé oiliúint ar fáil a fheabhsóidh an cumas níos mó taighde a dhéanamh. Freisin feabhsóidh sé comhpháirtíochtaí uile-Éireann do thaighdeoirí agus ghairmithe sláinte.

Dar leis an Dr Mairead O'Driscoll, Príomhfheidhmeannach an BTS, an BTS,

'Is é an rud iontach maidir leis an gcomhpháirtíocht seo ná go gcruthaíonn sí deis taighde a dhéanamh i réimsí lasmuigh de shainionaid mhóra, i bpobail agus i láithreacha cúraim phríomhúil. Freisin is féidir leis na tairbhí foghlama agus sláinte a bhaineann muid as seo leathnú ar fud oileán na hÉireann. Mar thoradh ar an infheistíocht seo, feicfimid torthaí d'othair, nuáil sa chúram sláinte, agus dul chun cinn buan i gcúram sláinte agus sóisialta'.

Nóta: *áirítear leis na contaetha Teorann Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, An Cabhán, Muineachán agus Lú.

Is é an rud iontach maidir leis an gcomhpháirtíocht seo ná go gcruthaíonn sí deis taighde a dhéanamh i réimsí lasmuigh de shainionaid mhóra, i bpobail agus i láithreacha cúraim phríomhúil.

Réimse fócais 3

Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

Cuspóirí 2017:

- Tacú le taighde a dhíríonn ar cheisteanna bainteacha náisiúnta don chleachtas cliniciúil agus sláinte daonra agus do bhainistíocht seirbhísí sláinte, agus aistriú na dtorthaí taighde ina mbeartas agus/nó ina gcleachtas.
- Sonraí ardchaighdeáin tráthúla agus bainteacha a chur ar fáil do bheartas, pleanáil seirbhíse agus taighde trí chórais náisiúnta eolas sláinte an BTS (CNES).
- Gníomhaíochtaí sintéis fianaise agus aistrithe eolais a chur chun cinn agus tacú leo d'fhonn cabhrú le lucht ceaptha beartas, pleanálaithe agus soláthraithe seirbhíse cinntí atá treoraithe ag fianaise a dhéanamh.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2017

- Tugadh 86 dhámhachtain, ar luach €9.5m, sa réimse fócais seo. San áireamh ann bhí:
  - Beagnach €1m a infheistiú inár scéim um Dhámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí. Bronnadh ocht ndámhachtain san iomlán in 2017, agus có-mhaoiniú de €0.3m curtha ar fáil ag eagraíochtaí cúraim sláinte.
  - Dhá dhámhachtain nua a dhéanamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn (RCPI) faoin gComhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht.
  - Gairm nua a oscailt in 2017 chun tacú le forbairt acmhainne thar raon leathan de theicnící um shintéis fianaise, agus ina measc athbhreithnithe córasacha Cochrane.
  - €0.9m a dhámhadh don Chreat um Sholáthar Sábháilte Foirne Altranais agus don chreat taighde um Meascán Scileanna.
  - Tacú le 17 ndámhachtain nua faoin Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais.
- Glacadh páirt mar chomhpháirtí i nGníomh rathúil Comhordaithe agus Tacaíochta faoi Horizon 2020 an AE i nDianseasmhacht Córas Sláinte Le rannpháirtíocht BTS déanfar cinnte go mbeidh Éire in ann dul i bhfeidhm ar chlár oibre beartais níos leithne an AE sa réimse sin.
- Foilsíodh trí thuarascáil bhliantúil ar Chórais Náisiúnta Eolas Sláinte (CNES) an BTS.
- Foilsíodh sé fheasachán náisiúnta, gineadh sé ghrafaic faisnéise agus rinneadh 45 thuarascáil ráithiúil ar tháscairí feidhmíochta chun eolas soiléir agus beacht a thabhairt le cabhrú le déantóirí beartais agus pleanálaithe seirbhíse sa réimse míchumas, meabhairshláinte agus úsáid fhadhbach drugaí.
- Críochnaíodh agus cuireadh isteach 15 alt irise piarmheasúnaithe bunaithe ar shonraí NHIS. Foilsíodh ocht gcinn in 2017 agus táthar ag súil go bhfoilseofar na sé alt eile i rith 2018.

Tacaíodh le 17 ndámhachtain nua faoin Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais.

- Oiliúint curtha ar 650 duine ó 153 seirbhís ar an gcóras LINK don Chóras Náisiúnta Tuarascála um Chóireáil Drugaí.
- Bailíodh sonraí thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Stiúrthóir Náisiúnta Dóiteáin agus Bainistíochta Éigeandála agus an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc.
- Foilsíodh dhá athbhreithniú fianaise, agus críochnaíodh trí choimre fianaise agus buaic taighde amháin.
- Oibríodh i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun aon athbhreithniú fianaise amháin agus aon choimre fianaise amháin a fhoilsiú.
- Cuireadh sonraí ar fáil faoi staid na ndrugaí in Éirinn chun bonn eolais a chur faoi mhonatóireacht agus threochtaí na hEorpa ar aon dul le gealltanais chonarthacha don Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) in 2017.
- Foilsíodh dhá athbhreithniú fianaise ar dhrugaí a chuir leis an mbonn fianaise don straitéis náisiúnta drugaí nua dar teideal *Dochar a laghdú, tacú le hathshlánú: Cur chuige faoi stiúir na sláinte i dtreo úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017-2025*.
- Foilsíodh ceithre eagrán de *Drugnet Ireland*.

Cuireann Córais Náisiúnta Faisnéise Sláinte an BTS sonraí ardchaighdeáin, tráthúla agus ábhartha ar fáil do bheartas, phleanáil seirbhíse agus thaighde.

Cás-Staidéar 5:

Úsáid a bhaint as sonraí an BTS chun taighde a chur chun cinn agus bonn eolais a chur faoi bheartas agus chleachtas

Trí chomhar ceithre bhealaigh idir Genio, comhlacht seachbhrabúis arna mhaoiniú ag The Atlantic Philanthropies, an BTS, Ollscoil Uladh agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath cuireadh ar chumas taighdeoirí treochtaí a scrúdú i soláthar seirbhísí míchumais intleachta agus úsáid seirbhísí ag daoine faoi mhíchumas thar thréimhse cúig-bliana ó 2009 go 2014.

Chuir Genio maoiniú ar fáil chun taighdeoir a fhostú le hanailís thánaisteach a dhéanamh ar shonraí ón mBunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachta de chuid an BTS.

Dar leis an Dr Sarah Craig (sa ghrianghraf), Ceann Córais Náisiúnta Eolas Sláinte, an BTS, 'Cé go dtugann ár gcuid tuarascálacha bliantúla léargas an-úsáideach ar aon phointe ama amháin, leis an gcomhar seo bhíothas in ann iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar threochtaí thar thréimhse níos faide. Beidh an tuarascáil bhliantúil *Daoine Fásta ag a bhfuil Míchumas Intleachta in Éirinn, Comparáid ar sholáthar seirbhísí in 2009 agus 2014* (Genio, 2017), agus go leor alt irise piarmheasúnaithe eile, a tháinig chun cinn ón taighde, spéisiúil agus úsáideach dóibh siúd a shocraíonn an beartas sa réimse sin. Is teimpléad spéisiúil a léiríonn an chaoi ar féidir sonraí an BTS a úsáid don taighde amach anseo'.

'Tá sé go hiontach a thabhairt faoi deara go bhfuil ár gclú agus cáil ag dul i méid maidir le sonraí agus fianaise ardchaighdeáin a chur ar fáil. I rith 2017, iarradh ar an BTS páirt a ghlacadh i dtáscfhórsa an rialtais ar bhuiséid phearsantaithe do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn. Bhí roinnt cruinnithe ag an táscfhórsa i rith 2017 agus tá a dtuarascáil le teacht in 2018', a dúirt an Dr Craig freisin.

Iarradh ar an BTS páirt a ghlacadh i dtáscfhórsa an rialtais ar bhuiséid phearsantaithe do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn.

Cás-Staidéar 6:

Cuir chuige i dtreo seirbhísí cúraim bhaile a rialáil agus a mhaoiniú

'Céim thábhachtach sa phróiseas atá san athbhreithniú seo... chun socrú cén cineál scéime um chúram baile ab fhearr d'Éirinn'.

D'fhoilsigh an tAire Stáit um Meabhairshláinte agus Dhaoine Scothaosta, Ms Helen McEntee TD, (sa ghrianghraf) athbhreithniú fianaise an BTS inar scrúdaíodh rialáil agus maoiniú an chúraim bhaile sa Ghearmáin, san Ísiltír, sa tSualainn agus in Albain.

San athbhreithniú fianaise, a choimisiúnaigh an Roinn Sláinte, cuireadh síos ar bhearta rialála, mar reachtaíocht, caighdeáin náisiúnta, creidiúnú foirne agus soláthraithe, measúnú incháilitheachta agus riachtanas, maoiniú na rialála, agus maoiniú seirbhísí foirmiúla um chúram baile sna ceithre thír.

Dar leis an Aire McEntee, 'Céim thábhachtach sa phróiseas atá san athbhreithniú seo, atá ar siúl faoi láthair sa Roinn Sláinte, chun socrú cén cineál scéime um chúram baile ab fhearr d'Éirinn, ó thaobh rialála agus maoinithe araon'.

Sa tuarascáil tugadh faoi thrí cheist uileghabhálacha a fhreagairt. Mar seo a leanas:

1. Cuir síos ar sheirbhísí foirmiúla cúraim bhaile sna tíortha roghnaithe.
2. Cur síos ar thaithí (foirne agus cliant) ar, agus ar éifeachtacht, na rialála um chúram baile foirmiúil sna tíortha roghnaithe.
3. Cuir síos ar na cuir chuige i dtreo seirbhísí foirmiúla cúraim bhaile sna tíortha roghnaithe a mheasúnú, a mhaoiniú agus bainistíocht airgeadais a dhéanamh orthu.

Fuarthas sa tuarascáil go bhfuil roinnt prionsabal a thacaíonn le cúram baile rialáilte. Ba iad sin ná caighdeáin, trédhearcacht, comhairliúchán, rogha, cóir, agus inbhuanaitheacht. Cuireadh na prionsabail sin, faoi seach, i bhfeidhm trí reachtaíocht, beartas, straitéis, pleanáil agus maoiniú seirbhíse.

Cumasóir A

Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla

Cuspóirí 2017:

- Na daoine is fearr a mhealladh isteach i dtaighde sláinte trí thacú le cláir oiliúna PhD den scoth.
- Deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt gairme taighdeoirí iardhochtúireachta agus taighdeoirí éiritheacha.
- Obair a dhéanamh le hinstitiúidí ardoideachais, grúpaí ospidéal agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun ceannairí taighde sláinte a aithint, a fhorbairt agus tacú leo.
- Obair a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun oiliúint a éascú agus deiseanna a mhalartú a dhíríonn ar bhearnaí scileanna a réiteach.

€7.7m

Tugadh 59 ndámhachtain, ar luach €7.7m faoi Chumasóir A.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2017

- Tugadh 59 ndámhachtain, ar luach €7.7 milliún faoi Chumasóir A, ar aon dul lenár gCreat *um Ghairmeacha Taighde Sláinte* a foilsíodh in 2016.
- Bronnadh €8.3m ar 11 imscrúdaitheoir nua chun tacú le dul chun cinn gairme.
- Dámhadh 39 Scoláireacht Samhraidh agus aon Chomhaltacht amháin um Chosc Ailse.
- D'earcaigh BTS ICAT (a bunaíodh le Wellcome) na céad dhochtúirí nua chun páirt a ghlacadh i gclár oiliúna PhD do chliniceoirí. Tríd an scéim cuirfear oiliúint ar 40 cliniceoir idir 2016 agus 2021.
- Seoladh scéim nua um Chomhdhámhachtainí Dochtúireachta i dtaighde bunaithe ar othair do chohóirt téamacha a dhéanann gairmithe cúraim sláinte agus shóisialaigh le taighdeoirí sláinte acadúla.
- Dámhadh poist intéirnigh sa BTS do cheathrar taighdeoirí iardhochtúireachta.
- Rinneadh athbhreithnithe eatramhacha ar sé Dhámhachtain um Cheannairí Taighde a fuair maoiniú in 2013. Is cleachtaí substaintiúla iad sin sa mhaoirseacht dámhachtana chun cabhrú le déanamh cinnte go leantar le hinfheistíocht atá chomh mór sin (níos mó ná €8.7m) agus go mbaintear luach ar airgead aisti.

Cás-Staidéar 7:

€8.3m chun tacú le taighdeoirí nua cumasacha

Leis na Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua de chuid an BTS, ar dámhachtainí nua iad, cuirfear ar chumas taighdeoirí ag an gcéim láir ina ngairm luí ar na maidí chun bheith ina n-iniúchóirí neamhspleácha.

Ag trácht ar na himscrúdaitheoirí rathúla, dúirt an Dr Annalisa Montesanti, Bainisteoir Cláir sa Bhord Taighde Sláinte,

'Sheas na daoine seo amach mar gheall ar a n-éagsúlacht agus a gcumas iltascála. Is é an dúshlán atá rompu anois ná a bhfoireann taighde a fhorbairt, a gcuid clár taighde a chur chun cinn, comhair a chothú agus maoiniú a ghiaráil chun clár taighde inbhuanaithe a thógáil. Tá gach duine cáilithe go maith don dúshlán'.

Aithneofar na hImscrúdaitheoirí Nua seo mar na príomh-imscrúdaitheoirí ina gcuid institiúidí. Chomh maith le taighde a dhéanamh a fheabhsóidh sláinte daoine ag deireadh an lae, nó a mbeidh tionchar dearfach aige ar bheartas nó chleachtas, beifear ag súil go ngníomhóidh siad mar mheantóirí agus go n-oibreoidh siad go maith i gcomhar le disciplíní eile.

Beidh an chéad 11 ar bronnadh dámhachtainí orthu i réimsí lena n-áirítear eacnamaíocht sláinte, bithstaidreamh, imdhíoneolaíocht, cógas riospráide, cógaseolaíocht, néareolaíocht, síceolaíocht, bitheolaíocht mhóilíneach agus cheallach, taighde ar sheirbhísí sláinte.

Tá an Dr Niamh Humphries, Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn (sa phictiúr), i measc na ndaoine ar bronnadh dámhachtain orthu agus dírítear ina cuid taighde ar an bhfáth go gcailleann Éire an oiread sin dochtúirí mar gheall ar imirce.

'Is pribhléid é Dámhachtain d'Imscrúdaitheoir Nua de chuid an BTS a bheith agam. Leis an dámhachtain tugadh deis dom bheith i mo Phríomh-Imscrúdaitheoir, foireann taighde a fhorbairt atá dírithe ar an bhfórsa saothair sláinte agus ceangal a dhéanamh le dream iontach comhoibritheoirí. Tá leas bainte agam cheana féin mar thaighdeoir as sin agus cuireann sé bonn láidir ar fáil dom don todhchaí.

'Tá mo thaighde – an tionscadal ar Earcú agus Choimeád Dochtúirí Ospidéil (ECDO) – fíorthábhachtach don chóras sláinte Éireannach, óna bhfuil líon mór dochtúirí ag imeacht faoi láthair chun dul ar imirce, agus a bhfuil sé deacair dó poist a líonadh, fiú ar leibhéal comhairleora. Beidh obair allamuigh in Éirinn agus san Astráil mar chuid den tionscadal agus breathnófar ar na hathruithe is gá chun spreagadh do dhochtúirí ospidéil atá oilte in Éirinn fanacht in Éirinn, chun filleadh chun cleachtadh uirthi. Is í an sprioc ag deireadh an lae ná bonn eolais a chur faoi athrú beartais a fheabhsóidh na coinníollacha oibre do dhochtúirí ospidéil na hÉireann'.

Leis an dámhachtain tugadh deis dom bheith i mo Phríomh-Imscrúdaitheoir, foireann taighde a fhorbairt atá dírithe ar an bhfórsa saothair sláinte agus ceangal a dhéanamh le dream iontach comhoibritheoirí.

Cás-Staidéar 8:

Clár um Oiliúint Chliniciúil Acadúil ag Wellcome – an BTS faoi lán seoil in 2017

Is ionann an scéim sin agus an infheistíocht is mó riamh sa leigheas acadúil trí chomhpháirtíocht chomhoibritheach uile-oileáin.

Tacóidh an clár um Oiliúint Chliniciúil Acadúil de chuid Wellcome – (ICAT), a seoladh ag deireadh 2016, le hochtar dochtúirí iarchéime faoi oiliúint in aghaidh na bliana a ghlacadh isteach ar feadh thréimhse cúig-bliana, agus oiliúint chliniciúil agus taighde lánchuimsithe suas go leibhéal comhairleora, á soláthar.

Is ionann an scéim sin agus an infheistíocht is mó riamh sa leigheas acadúil trí chomhpháirtíocht chomhoibritheach uile-oileáin.

Tá an Dr Sarah Cormican (ar dheis ar fad sa phictiúr thuas) i measc díreach ochtar Comhaltaí atá ag glacadh páirte sa chéad bhliain iomlán den tionscnamh, agus cheana féin tá sí ag tógáil líonra láidir lena piaraí trí ghrúpa WhatsApp roinnte agus cruinnithe míosúla duine le duine.

'Eadrainn clúdaíonn muid raon leathan d'ábhair spéise, ó shíciatracht agus sláinte phoiblí go galar tógálach, inchríneolaíocht, deirmeolaíocht, agus an réimse a roghnaigh mé féin, leigheas duánach, ina scrúdaítear na duáin', a deir sí.

Sular thosaigh sí a PhD in 2018, bhí deis aici triail a bhaint as a cuid smaointe le saineolaithe ag an gcéad Chúrsa ICAT i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2017. Ag an imeacht bhí aoichainteoirí mar an imdhíoneolaí an tOllamh Luke O'Neill ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, an saineolaí ar mhurtall, an tOllamh Sir Stephen O'Rahilly ó Ollscoil Cambridge, lia stróc an tOllamh David Williams ó Choláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn agus lia comhairleach an tOllamh Comhlach Aoife Lowery ó OÉ na Gaillimhe.

Mar Chomhaltaí, bhí deis againn ár gcuid tograí PhD a chur i láthair ag an gcúrsa, a deir an Dr Cormican. 'Chuala gach duine againn faoin obair atá ar siúl ag gach duine eile agus fuair muid aiseolas ó stiúrthóirí ICAT agus ó shaineolaithe seachtracha a thug cainteanna an-chuidiúla dúinn faoi ghairmeacha a chothromú'.

Fuair an Dr Cormican a céad bhlas den taighde mar mhac léinn leighis fochéime nuair a rinne sí tionscadal samhraidh BTS ar feadh ocht seachtaine leis an Ollamh Séan Dinneen in OÉ na Gaillimhe. Bhreathnaigh sí ar bhealach nua féideartha le pointí brú ar an gcos a mheasúnú do dhaoine ar a bhfuil diaibéiteas, chun oibriú amach cibé acu an dóchúil go mbeadh sainchúram coise uathu. Mar gheall ar a cuid oibre ghnóthaigh sí dámhachtain i gcomórtas Bhonn Watt an BTS an bhliain sin agus spreag sé a spéis sa taighde.

Dúirt an Dr Annalisa Montesanti, Bainisteoir Cláir, an BTS: 'Sampla iontach é cás áirithe an Dr Cormican den tacaíocht agus de na deiseanna oiriúnacha don chéim ghairme a thugann an BTS do thaighdeoirí. Bíonn muid i gcónaí ag athrú ár scéimeanna maoinithe chun bealach ciallmhar a chur ar fáil do dhochtúirí, d'eolaithe agus do ghairmithe sláinte eile, chun gairmeacha gníomhacha sa taighde a chaitheamh'.

Cumasóir B

Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú

Cuspóirí 2017:

- Obair a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus príomhpháirtithe leasmhara chun an clár oibre náisiúnta taighde a mhúnlú maidir le sláinte agus cúram sóisialta.
- Ceannaireacht a chur ar fáil chun athbhreithniú, déanamh agus rialachas an taighde a mhúnlú.
- Cur le, agus leas a bhaint as forbairtí idirnáisiúnta beartas, rialála agus reachtaíochta a bhaineann le taighde sláinte agus cúram sláinte in Éirinn.
- Infheistíocht sa bhonneagar taighde chun feabhas, mais chriticiúil agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn tacú le réimsí fócais straitéiseacha an BTS agus leis an bpobal sláinte i gcoitinne.
- Tacú le taighdeoirí sláinte na hÉireann páirt a ghlacadh in Horizon 2020 agus i gcláir thaighde eile Eorpacha.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2017

- Tugadh ocht ndámhachtain, ar luach €2.2m, faoi Chumasóir B:
- Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar Áiseanna Taighde Chliniciúil an BTS i mBaile Átha Cliath (Ospidéal San Séamas), Gaillimh (UCHG) agus Corcaigh (Ospidéal na Trócaire). Tugadh faomhadh do mhaoiniú €11.6m do dara céim de ghníomhaíocht sna trí ionad.
- Cuireadh chun cinn rannpháirtíocht an phobail agus othar (RPO) sa taighde. Chuimsigh sé sin:
  - > Ceithre dhámhachtain Ignite um RPO a bhronnadh chun cur le hacmhainn um RPO sa taighde in institiúidí ardoideachais. Ba ionann sin agus comhinfheistíocht €1.7m agus €1m tagtha ón BTC agus €0.7m ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC).
  - > Próiseas athbhreithnithe phoiblí a phíolótú i 56 iarratas maoinithe don scéim um Thionscadail faoi Stiúir Imscrúdaitheoirí.
  - > Gealltanas a thabhairt chun an próiseas athbhreithnithe phoiblí a leathnú go dhá scéim eile in 2018. Is iad sin ná na Dámhachtainí um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht, agus na Comhaltachtaí Iardhochtúireachta um Cur i bhFeidhm an Taighde sa Bheartas agus sa Chleachtas.
- Glacadh ról ceannaireachta in Eolaíocht Oscailte le roinnt tionscnamh. Chuimsigh sé sin:
  - > Beartais an BTS ar rochtain oscailte agus ionracas taighde a athbhreithniú.
  - > Céad ardán na hÉireann um fhoilsitheoireacht oscailte taighde, Taighde Oscailte an BTS, a fhógairt.
  - > Dhá imeacht oiliúna a rith chun feasacht a ardú faoi shonraí taighde FAIR (Infhaighte, Insroichte, Comh-inoibritheach, Ath-inúsáidte).
  - > Comhchathaoirleacht a ghlacadh ar an bhFóram Náisiúnta Taighde Oscailte (FNTO) leis an Údarás Ardoideachais (HEA).
  - > Cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhFoghrúpa Maoinitheoirí den Fhóram Náisiúnta ar Ionracas Taighde.

56

Rinneadh próiseas athbhreithnithe phoiblí a phíolótú i 56 iarratas maoinithe do Scéim na dTionscadal faoi stiúir Imscrúdaitheoirí.

- Leanadh ar aghaidh ag feabhsú phróisis deontais an BTS. Chuimsigh sé sin:
  - > Athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar phróisis an BTS um maoiniú inmheánach maidir le claonadh neamh-chomhfhiosach, agus tús a chur le moltaí a chur i bhfeidhm chun fanacht chun tosaigh ó thaobh dea-chleachtais.
  - > Cothrom inscne den scoth a bhaint amach i leith:

    – Painéil roghnúcháin an BTS, le hionadaíocht 53% do mhná agus 47% d'fhir, agus

    – Rátaí ratha iarratasóra; d'éirigh le 29% d'iarratasóirí ban agus le 28% d'iarratasóirí fir.
  - > Ball gníomhach den fhóram domhanda um maoinitheoirí faoin meirge 'Luach sa Taighde a Chinntiú'. Ligeann an Fóram do bhail dea-chleachtas a fhorbairt i réimsí éagsúla – ó ábhar gairme a roghnú go haschuir agus torthaí a thaifeadadh.
- Foilsíodh tuarascáil dar teideal *Anailís Bhibliméadrachta ar Fhoilseacháin maoinithe ag an BTS 2012–2016*.
- Foilsíodh tuarascáil dar teideal *Aschuir agus Torthaí dhámhachtainí an BTS a baineadh amach i 2014 agus 2015*.
- Oibríodh ar thionscnamh chun an beartas bainistíochta um shonraí taighde ar fud na hEorpa mar chuid den Mheitheal Oibre Science Europe ar Shonraí Taighde.
- Dearbhaíodh ballraíocht na hÉireann ar Chlár Sláinte Poiblí an AE tríd an Roinn Sláinte, rud a thugann deis do thaighdeoirí Éireannacha tabhairt faoi thaighde sláinte atá ábhartha do bheartas agus do chleachtas.
- Rinneadh cathaoirleacht ar an gCuibhreann Idirnáisiúnta um Leigheas Pearsantaithe (ICPerMed), cuibhreann de chomhlachtaí maoinithe AE arna bhunú ag an gCoimisiún Eorpach faoin gClár Horizon 2020.
- Rinneadh cathaoirleacht ar ghrúpa dréachtaithe All European Academies (ALLEA), a d'fhoilsigh an leagan athbhreithnithe de *Chód Iompair na hEorpa um Ionracas Taighde*.
- Cuireadh leis an dearcadh sláinte ar Pháipéar Seasaimh na hÉireann faoi Chreatchlár an AE (FP9).
- Tugadh tacaíocht do thaighdeoirí Éireannacha chun dul san iomaíocht do mhaoiniú AE:
  - > Rinne taighdeoirí Éireannacha maoiniú €12.5m a ghiaráil ó chláir H2020.
  - > D'éirigh le deich dtionscadal Éireannach maoiniú a fháil i nDúshlán Sláinte H2020. Ar na príomhghnéithe áiríodh:

    – Beidh an tOllamh Annette Byrne, RSCI i gceannas ar an *Tionscadal COLOSSUS* dámhachtain €2.1m ar bheachtleigheas in ailse cholaireicteach mheiteastáiseach.

    – D'éirigh le Altrech Ltd agus Valitacell Ltd i gCéim a Dó de Ghairmeacha Ionstraime um Fiontair Bheaga Mheánmhéide (FBM) agus ghnóthaigh maoiniú €2.9m agus €2m faoi seach.

Cás-Staidéar 9:

Bheith chun tosaigh um rannpháirtíocht an phobail agus othar sa taighde

Is é an BTS an chéad ghníomhaireacht mhaoinithe in Éirinn a chuimsigh an clár um rannpháirtíocht an phobail agus othar (RPO) ina chuid tionscadal taighde maoinithe

'Tá muid ag baint úsáide as an sainmhíniú ar RPO sa taighde arna mholadh ag INVOLVE, atá in cheannródaí ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide Náisiúnta um Thaighde Sláinte de chuid an RA sa réimse seo'm a deir, an Dr Anne Cody, an BTS.

'Déantar gníomhaíochtaí RPO *le* nó ag baill den phobal seachas *dóibh, fúthu* nó *lena n-aghaidh*. Ní áirítear leis iarraidh ar dhaoine páirt a ghlacadh sa taighde (mar 'ábhair' taighde) agus ní sholáthraíonn sonraí do thionscadail taighde aonair'.

Ag tús 2017, sheol an BTS a chlár píolótach RPO le sraith d'fhógraí ar fud na tíre. Sna céad trí seachtaine, fuair muid 900 léiriú spéise agus beagnach 400 foirm iarratais comhlánaithe.

As na hiarratais, roghnaíodh go randamach 60 duine (30 fear agus 30 bean). Cuireadh oiliúint orthu faoin conas iarratais ar dheontais a mheasúnú, agus thosaigh siad ag measúnú iarratas ó ghairm mhaoinithe roghnaithe.

Ag an uair seo, ní úsáidtear athbhreithnithe an phobail ach le haghaidh aiseolais do na hiarratasóirí agus ní chuireann siad le cinnteoireacht. Is mian linn, áfach, roinnt athbhreithnithe poiblí a úsáid don chuspóir sin amach anseo.

'Is léir go bhfuil dúil mhór ag an bpobal i gcoitinne i gcur le taighde sláinte', a deir an Dr Cody. 'Dúirt go leor daoine a rinne teagmháil linn go raibh siad spreagtha go bunúsach ag mian cabhrú le daoine eile'.

Ag an am céanna, ba léir go raibh gá le tacú le taighdeoirí chun obair fhiúntach RPO a dhéanamh, agus ar an gcúis sin, sheol an BTS agus Comhairle Taighde na hÉireann an clár PPI Ignite.

Tá an infheistíocht €1.75m sin deartha chun cabhrú le hinstitiúidí an timpeallacht cheart a chruthú chomh maith leis an oiliúint, an tacaíocht agus na próisis chearta a chabhróidh le taighdeoirí ról a thabhairt don phobal agus d'othair ina dtaighde ón tús. Ba iad Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh na céad iarratasóirí ar éirigh leo faoin scéim seo. Gheobhaidh gach ceann de na hollscoileanna sin €350,000 chun cabhrú lena hacmhainn RPO a fhorbairt.

'Gné ríthábhachtach i rath iomlán ár dtionscnamh RPO ná go mbeadh pobal na dtaighdeoirí ar bord. Sular phléigh muid leis an bpobal chinntigh muid teagmháil a dhéanamh leis an bpobal taighde agus bhí comhchomhairle fhairsing againn leo faoinár gcuid moltaí. Agus, ag deireadh an lae, thug siad an-tacaíocht don chlár', a dúirt an Dr Cody mar fhocal scoir.

'Is léir go bhfuil dúil mhór ag an bpobal i gcoitinne i gcur le taighde sláinte', a deir an Dr Anne Cody. 'Dúirt go leor daoine a rinne teagmháil linn go raibh siad spreagtha go bunúsach ag mian cabhrú le daoine eile'.

Cás-Staidéar 10:

Tá an BTS chun tosaigh maidir le foilsitheoireacht rochtana oscailte agus ionracas taighde

In 2017, d'fhógair an BTS go raibh sé beartaithe aige céad ardán na hÉireann um foilsitheoireacht rochtana oscailte a sheoladh.

Ag teacht go tapa tar éis Wellcome sa RA, agus Fondúireacht Bill agus Melinda Gates i SAM, creideann an BTS gurb í foilsitheoireacht rochtana oscailte an bealach is fearr leis an leas is mó a bhaint as an bpunann taighde atá maoinithe go poiblí a dtacaíonn sé léi.

'Mar phríomhghuth na hÉireann sa taighde sláinte, tá dualgas sonrach ar an BTS déanamh cinnte go dtacaítear cinntí ag an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil', a deir an Dr Mairead O' Driscoll, Príomhfheidhmeannach Eatramhach, an BTS. 'Creideann muid gurb é an bealach is fearr leis an méid sin a bhaint amach ná na torthaí go léir, is cuma cén torthaí atá i gceist, a nochtadh go poiblí – agus má mhainnítear déanamh amhlaidh go bhféadfadh go mbeadh drochthorthaí i gceist, lena n-áirítear othair a nochtadh do thaighde nach gá, mífhaisnéis a chruthú agus tosaíochtaí sa taighde sláinte a chlaonadh'.

Chun tacú le taighde oscailte an BTS a thabhairt isteach, chuir an BTS a shíniú le Dearbhú San Fransisco ar Mheasúnú Taighde (DORA).

Tá rochtain oscailte ar aon dul le prionsabail an BTS mar thrédhearcacht agus oscailteacht. Tá na luachanna sin féin tacaithe ag ionracas taighde, atá ag croílár na heolaíochta, agus atá mar bhonn do mhuinín na sochaí as an gcur chuige eolaíochta. In 2017, lean an BTS ar aghaidh lena ról ceannaireachta maidir le cur chuige uile-Eorpach a ghlacadh i dtreo ionracas taighde.

Bhí an Dr Maura Hiney (sa phictiúr thuas), an BTS, ina cathaoirleach do ALLEA 2017 (Cónaidhm Eorpach na n-Acadamh Eolaíochta agus Daonnachtaí), an Cód Iompair Eorpach um Ionracas Taighde a ghlac an Coimisiún Eorpach mar chaighdeán dá chuid clár maoinithe. Tá an Cód Iompair aistrithe anois go gach teanga oifigiúil an AE chomh maith le Tuircis agus Seapáinis.

Cumasóir C

Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú

Cuspóirí 2017:

- Timpeallacht oibre ardfheidhmíochta a chinntiú agus í bunaithe ar nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus obair foirne.
- Cinnteoireacht thrédhearcach agus chuntasach atá bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil a chumasú.
- Cinntiú go bhfuil córais agus próisis an BTS láidir, solúbtha agus inscálaithe.
- Aithint luach an taighde sláinte agus ról náisiúnta agus idirnáisiúnta an BTS a fheabhsú.

Príomhspriocanna a baineadh amach in 2017

- Oibríodh chun creat a bhunú um dianseasmhacht níos fearr ag fostaithe, plé le fostaithe agus feidhmíocht fheabhsaithe trí thionscnaimh mar chlár Forbartha Pearsanta agus Eagraíochta (FPE) an BTS agus níos mó béime ar thionscnaimh um oiliúint eagraíochta.
- Rinneadh athbhreithniú ar phleanáil gnó agus mheicníochtaí tuairiscithe an BTS chun freastal ar riachtanais bhaill foirne an BTS, an Bhoird agus an Roinn Sláinte, agus freisin chun cinnteoireacht a fheabhsú agus déanamh cinnte go mbaintear an leas is fearr as acmhainní.
- Cuireadh chun cinn dhá thionscadal forbartha ar dhá chóras faisnéise lárnach de chuid an BTS (GEMS agus LINK). Chomhlíon an dá thionscadal na spriocdhátaí comhaontaithe in 2017.
- Óstáladh comhdháil do Shealbhóirí Deontais an BTS agus comhdháil Ones2Watch do phríomhpháirtithe leasmhara.
- Seoladh agus cuireadh chun cinn dá thionscnamh straitéiseach inar ghlac an BTS róil cheannaireachta: rannpháirtíocht an phobail agus othar agus taighde oscailte an BTS.
- Rinneadh ráitis airgeadais an BTS a ailíniú le formáid a léiríonn na cuspóirí agus na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis an BTS *2016–2020: Taighde, Fianaise, Gníomh*.
- Rinneadh dul chun cinn le cur i bhfeidhm an Chód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Asbhaineadh eolas airgeadais ilbhliantúil sa Chóras um Bainistíocht Leictreonach Deontas (CBLD) agus úsáideadh sin mar bhonn do phleanáil agus do shamhaltú airgeadais.

Cás-Staidéar 11:
HRB Ones2Watch

Ba í an chomhdháil Ones2Watch an chéad imeacht tiomnaithe ag an BTS um forbairt pobail agus líonrú dá chuid taighdeoirí maoinithe atá i lár a ngairme. Tá an t-imeacht sin mar chuid d'iarrachtaí foriomlána an BTS mothú láidir pobail a chothú i measc na dtaighdeoirí go léir atá maoinithe ag an BTS.

Dar leis an Dr Mairead O'Driscoll, Príomhfheidhmeannach an BTS, an BTS,

'Trí ról a thabhairt do dhaoine i rud éigin fiúntach, rud éigin a dhéanann difríocht do shaol daoine, tá súil againn curaidh na todhchaí a chruthú a bheidh ar son an taighde sláinte agus na tairbhí a bhaineann le cultúr gníomhach taighde dár seirbhísí sláinte agus dár mbeartais sláinte'.

Áiríodh leis an gclár trí phríomhshnáithe:

- Téama cumarsáide, agus cás-staidéir ón domhan réadúil curtha i láthair ag cumarsáidithe taighde oilte faoin gcaoi a gcuireann siad a gcuid teachtaireachtaí in iúl.
- Treoir ghairme, agus machnamh faoina dturais ghairme ó speictream leathan de thaighdeoirí sláinte reatha agus ón am roimhe.
- An comórtas Ones2Watch, inar thaispeáin ceathrar den lucht freastail a gcuid scileanna cumarsáide agus ina ndeachaigh siad san iomaíocht don chorn Ones2Watch.

Imeacht iontach. D'fhoghlaim mé rud éigin ó gach cainteoir.

Meascán iontach ábhar agus cainteoirí don lá.

Go raibh maith agaibh. Bhí an lá iontach spreagúil agus bríomhar.

Thaitin an nuáil agus na bealaí cumarsáide difriúla go mór liom.

Cás-Staidéar 12:

Ár bplean um forbairt phearsanta agus eagraíochta a chur i ngníomh.

Mar eagraíocht d'aithin muid in 2016 plean um forbairt phearsanta agus eagraíochta (FPE) a d'fheabhsódh an chaoi a n-oibríonn muid le chéile mar eagraíocht chun ár straitéis a chur i gcrích.

Tháinig cúig théama chun cinn ón suirbhé foirne a d'fhéadfadh muid díriú orthu um feabhas. Ag tús 2017, ghlac daoine páirt i seisiúin éascaithe chun socrú cén gníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh chun an eagraíocht a fheabhsú agus a fhorbairt maidir leis na cúig théama sin. Áiríodh leis an dul chun cinn lárnach de réirxtéamaí le linn 2017:

Cumarsáid

- Bunaíodh sraith cruinnithe chun déanamh cinnte go mbeadh foirne ar an eolas faoi fhorbairtí, faoi thuairiscí dul chun cinn agus sceidil oibre.
- Sealaíocht a dhéanamh ar chathaoirleacht cruinnithe chun acmhainn a fhorbairt, agus an oiliúint a chur ar fáil chun baint amach an chuspóra sin a éascú.
- Leanúint ar aghaidh le cainteanna foirne, ionas go bhféadfadh daoine foghlaim faoin obair atá ar siúl ag daoine i réimsí eile.
- Tuairisc ghairid, rialta i bpearsa ag an bPríomhfheidhmeannach Eatramhach do gach ball foirne a thabhairt isteach.
- Miontuairiscí chruinnithe na Foirne Feidhmiúcháin a scaipeadh, chun daoine a choimeád suas le dáta le cinnteoireacht.

Aon BTS amháin

- Leathanach inlín a chruthú ina bhfuil grianghraf, ionad suíochán, agus cur síos ar ról gach ball foirne. Cabhraíonn sé sin le haithint cé a dhéanann céard agus cá háit a mbíonn daoine ina suí.
- Déanamh cinnte go léireodh na tuarascálacha corparáideach an eagraíocht iomlán.
- Foirne traseagraíochta a bhunú chun oibriú ar thionscadail mhóra. Rinneadh sin don tionscadal um forbairt an láithreáin ghréasáin nua don BTS agus chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a chur i bhfeidhm.
- 'Lá rannpháirtíochta' a eagrú i dTeach Mhíchíl, áit ar oibrigh daoine le chéile i bhfoirne chun feabhas a bhaint amach san áis.

Oiliúint agus forbairt gairme

- Tugadh isteach clár ionduchtúcháin agus 'cara ionduchtúcháin' do dhaoine nuair a théann siad leis an eagraíocht den chéad uair.
- An plean oiliúna a fhoilsiú gach bliain.
- Éachtaí daoine a aithint go rialta ag cainteanna foirne agus imeachtaí eile chun tuairiscí a thabhairt.
- Cuireadh bainistíocht struchtúrtha ar fáil go hinmheánach do bhainisteoirí sinsearacha.
- Spreagadh do dhaoine gabháil do thionscnaimh forbartha pearsanta trí oiliúint, chomhdhálacha, agus iasachtú.

Cultúr, oscailteacht agus muinín

- Spiorad foirne a spreagadh, ar nós uainíocht a dhéanamh ar chathaoirleacht chruinnithe foirne.
- Cur ar chumas ball foirne a gcuid páipéar nó oibre a chur i láthair ag cruinnithe na Foirne Feidhmiúcháin nó cruinnithe Boird.
- Feasacht a chruthú faoin tacaíocht shainithe atá ar fáil do bhaill foirne.
- Tacú le daoine agus cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar chásanna deacra tríd an oiliúint.

An fhoireann bhainistíochta

- Níos mó comhsheasmhachta a chruthú i stíl na foirne bainistíochta tríd an oiliúint.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha atá beartaithe sa phlean FPE agus déanamh cinnte go bhfuiltear á gcur i bhfeidhm.
- Páirt a ghlacadh in oiliúint chun cáilíochtaí comhsheasmhacha ceannaireachta a fheabhsú i réimsí lárnacha.

Beidh an plean FPE ag forbairt i gcónaí mar chuid den chaoi a mbíonn muid ag obair. Tá go leor gníomhartha a cuireadh i ngníomh mar thoradh ar an aiseolas foirne sin ina gcuid dár gcuid oibre anois, agus is comhartha iontach é sin ar dhul chun cinn. In 2018, díreoidh muid ar roinnt gníomhartha meántéarmacha agus fadtéarmacha atá le glacadh fós.

2

Aguisíní

Aguisín A

Liosta fhoilseachán an BTS in 2017

TUARASCÁLACHA AN BTS

Daly A (2017) *Feasachán Náisiúnta CTNOSC 2016*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A agus Craig S (2017) *Gníomhaíochtaí Aonaid agus Ospidéil Shíciatracha na hÉireann, 2016*. Príomhfhionnachtana. Sraith Staidrimh 35 de chuid an BTS. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Doyle A, Hourigan S agus Fanagan S (2017) *Tuarascáil Bhliantúil an Choiste don Bhunachar Náisiúnta Míchumais Intleachta 2016. Príomhfhionnachtana.* Sraith Staidrimh 33 de chuid an BTS. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Doyle A agus Hourigan S (2017) *Tuarascáil Bhliantúil an Choiste don Bhunachar Náisiúnta Míchumais Fhisicigh agus Chéadfaigh 2016. Príomhfhionnachtana.* Sraith Staidrimh 34 de chuid an BTS. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte (2017) *Cóireáil Alcóil in Éirinn 2009 – 2015*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte (2017) *Cóireáil Drugaí in Éirinn 2009 – 2015*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte (2017) *Sonraí 2004 go 2015 ó Innéacs Náisiúnta na mBásanna Bainteach le Drugaí*. Baile Átha Cliath. An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte (2017) *Feasachán an Bhunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Intleachta, 2016*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An Bord Taighde Sláinte (2017) *Feasachán an Bhunachar Náisiúnta Sonraí um Míchumas Fisiceach agus Céadfach, 2016*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Leabharlann Náisiúnta Drugaí an BTS (2017) *Eolaire de chúrsaí agus de chláir oiliúna faoi mhí-úsáid drugaí in Éirinn 2017*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2017) *Drugnet Ireland*, Eagrán 60, an Geimhreadh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2017) *Drugnet Ireland*, Eagrán 61, an tEarrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2017) *Drugnet Ireland*, Eagrán 62, an Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) (2017) *Drugnet Ireland*, Eagrán 63, an Fómhar. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Pointe Fócasach na hÉireann chuig an LMEDAD (EMCDDA) 2017 *Tuarascáil Náisiúnta (sonraí 2016) chuig an LMEDAD ag Pointe Fócasach Náisiúnta Reitox, Éire: forbairtí nua, treochtaí*. Baile Átha Cliath: An Bord

ATHBHREITHNITHE AR FHIANAISE

Taighde Sláinte. Bates G, Jones L, Maden M, Cochrane M, Pendlebury agus M, Sumnall H (2017) *Éifeachtúlacht idirghabhálacha bainteach le húsáid drugaí mídhleathacha: cosc, laghdú dochair, cóireáil agus athshlánú. 'Athbhreithniú ar athbhreithnithe'* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Keane M, Long J, O'Nolan G agus Farragher L (2017) *Teicneolaíochtaí atáirgthe cuidithe: Cuir chuige idirnáisiúnta i dtreo meicníochtaí agus critéar um maoiniú poiblí. Athbhreithniú ar fhianaise.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kiersey R agus Coleman A. (2017) *Cuir chuige i dtreo seirbhísí cúraim bhaile a rialáil agus a mhaoiniú i gceithre thír Eorpach.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Murphy L, Farragher L, Keane M, Galvin G agus Long J (2017) *Imeaglú bainteach le drugaí. Cás na hÉireann agus freagairtí idirnáisiúnta: athbhreithniú ar fhianaise.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Nic Gabhainn S, Sixsmith J agus Keane M (2017) *Athbhreithniú chun raon feidhme a shocrú ar chóireáil mhí-úsáid drugaí agus alcóil, 2003–2013.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

AILT LE FOIREANN AN BTS IN IRISLEABHAIR PHIARMHEASÚNAITHE NÓ AILT INAR ÚSÁIDEADH SONRAÍ AN BTS

Carew AM, Murphy N, **Long J**, Hunter K, **Lyons S,** Walsh C agus Thornton L (2017) Tarlú heipitítis C i measc daoine a insteallann drugaí in Éirinn, *Hepatology, Medicine and Policy 2* (7): 1–7.

Cousins G, Boland F, Barry J, Keenan E, O'Driscoll D, Bennett K, Fahey T agus **Lyons S** (2017) Gaol de chruth J idir úsáid meatadóin faoi mhaoirseacht agus coinneáil i gcóireáil cothabhála meatadóin (CCM) sa chúram príomhúil: staidéar náisiúnta cohóirt, *Spleáchas Drugaí agus Alcóil,*, 173: 126–131.

Fleming P, Mc Gilloway S agus Barry S (2017) Soláthar Sheirbhísí Lae do Dhaoine faoi Mhíchumais Intleachta: Cás-staidéar ina ndéantar Treochtaí 15-bliana in Éirinn a léarscáiliú, *Journal of Applied Research in Intellectual Disabilities* 30: 383–394.

Glynn R W, **Lynn E**, Griffin E, Fitzgerald M agus Ward M (2017) Féindíobháil, úsáid meatadóin agus básanna bainteach le drugaí i measc iad siúd atá cláraithe mar bheith gan aon seoladh buan nó atá gan dídean in Éirinn. *Irish Medical Journal*, 110 (9), rochtain faighte air ar an 24 Deireadh Fómhair 2017, <http://imj.ie/self-harm-methadone-use-and-drug-related-deaths-amongst-those-registered-as-being-of-no-fixed-abode-or-homeless-in-ireland/>

Keegan D, Crowley D, Laird E agus Van Hout MC (2017) Fairsinge ionfhabhtú víreasach Heipitítis C agus na fachtóirí riosca dó i measc cohóirt d'úsáideoirí drugaí in Éirinn a fhreastalaíonn ar ionad cóireála drugaí um Chóireáil Ópóideach Agónaí (AOT), *Heroin Addiction and Related Clinical Problems 19(1): 47–56.*

Lynn E, Lyons S, Langan Y, **Craig S** agus Doherty C (2017) Ról an spleáchas alcóil i mbásanna i measc daoine ar a bhfuil thitimeas Innéacs Náisiúnta na mBásanna Bainteach le Drugaí (NDRDI) in Éirinn, 2004–2013 *Seizure 45: 52–55*.

McConkey R, Kelly F, **Craig S** agus Keogh F (2017) Staidéar fadaimseartha ar sholáthar tar éis scoile d'fhágálaithe scoile Éireannacha ar a bhfuil míchumas intleachta. *British Journal of Learning Disabilities 45 (3): 166–171.*

Smyth B, **Lyons S** agus Cullen W (2017) Laghdú ar neamhoird nua de thoradh úsáid substaintí sícighníomhacha tar éis reachtaíochta inar díríodh ar shiopaí siabhráin: Fianaise ó na sonraí náisiúnta ar chóireáil andúile i ndrugaí. *Drugs and Alcohol Review 36: 609–617*.

Aguisín B

Liosta de Dhámhachtainí a bhronn an BTS in 2017 - ar Phríomh-imscrúdaitheoirí

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR						
Teideal	**Óst-institiúid**	**Scéim**	**Teideal an Phríomhth aighdeora**	**Céadainm an Phríomhth aighdeora**	**Sloinne an Phríomhth aighdeora**	**Méid**
Plé Dochtúirí le Rialáil an Chumais Ghairmiúil a Fheabhsú	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr.	Deirdre	Bennett	€238,692.00
Treoir bunaithe ar fhianaise um Chúram Maolaitheach Néaltraithe a chur i bhfeidhm trí Thaighde Gnímh Rannpháirtigh	Ollscoil Luimnigh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Alice	Coffey	€119,339.00
Cur i bhfeidhm Threoirlínte Cliniciúla an Choiste um Éifeachtacht Náisiúnta Chliniciúil maidir le hIonfhabhtuithe bainteach le Cúram Sláinte in Eagraíochtaí Cúraim Sláinte na hÉireann: dearcaí iolracha	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Josephine	Hegarty	€119,308.00
EOLAS: Acmhainn a fhorbairt um oideachas comhoibritheach idir úsáideoirí seirbhíse, baill teaghlaigh agus cleachtóirí i seirbhísí meabhairshláinte	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Agnes	Higgins	€240,000.00
Cinnteoireacht Chuidithe a chur chun cinn i Láithreacha Géarchúraim (PADMACS) chun críocha Cúram a Phleanáil	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Thilo	Kroll	€239,337.00
Stad cairdiach lasmuigh den Ospidéal agus Céad Fhreagairt Pobail: dea-chleachtas idirnáisiúnta, comhchomhairle náisiúnta agus measúnú féideartha	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	Ms	Siobhán	Masterson	€249,689.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Nochtadh fadsaoil d'fhluairídiú uisce agus gaol le príomhthascairí sláinte i ndaoine fásta a bhfuil cónaí orthu sa phobal agus atá 50 bliain d'aois nó níos sine in Éirinn	Ospidéal Ollscoile Déadach Bhaile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Brian	O'Connell	€239,636.00
Cad a théann i bhfeidhm ar roghnú scagtha ceirbheacs i mná scothaosta agus conas is féidir le cláir scagtha an t-eolas sin a aistriú go straitéisí um athrú iompair? Tionscadal comhdhéanta idir CERVIVA-CervicalCheck	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	John	O'Leary	€118,769.00
Leithdháileadh Acmhainní, Socrú Tosaíochtaí agus Comhthoil sa Chúram Néaltraithe in Éirinn	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Eamon	O'Shea	€239,755.00
Díobháil Inchinne Thrámatach: Eipidéimeolaíocht agus Athshlánú in Éirinn	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Anthony	Staines	€240,000.00
Inúsáidteacht an Anailís Ardteicneolaíochta ar Dhrugaí don Chinnteoir	Ollscoil Luimnigh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Cathal	Walsh	€239,997.00
Díothú ar leibhéal ceantair agus cothromas maoinithe in ospidéil phoiblí in Éirinn: iniúchadh ar ghrúpaí ospidéil agus ar mhaoiniú bunaithe ar ghníomhaíocht	Ollscoil Luimnigh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Cathal	Walsh	€119,837.00
Próifíliú fadaimseartha ar dhrochimeachtaí in ospidéil Éireannacha agus soláthar uirlise caighdeánaithe um measúnú do chóras cúraim sláinte na hÉireann: staidéar INAES-2	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	David	Williams	€239,970.00
Sásamh Othar i gClinic Ceimiteiripe Béil faoi Cheannaireacht Altraí	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadal Taighde ar Altranas Ailse	Ms	Paula	Briscoe	€10,000.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Socrú conas is féidir Treoirlínte an National Comprehensive Cancer Network (NCCN) do Choscaí Tamocsaifeine agus Aramatáise (AInna) a chur in oiriúint chun déileáil leis an ualach airíonna do mhná ar a bhfuil ailse chíche sa chéim leantach de chóireáil, a bhfuil cúram á fháil acu in Oirthuaisceart na hÉireann	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadal Taighde ar Altranas Ailse	Ms	Elizabeth	Summersby	€8,525.00
Rátaí gearrtha Chaeasraigh a laghdú in Éirinn: staidéar indéantachta agus triail randamaithe phíolótach ar idirghabháil bunaithe ar fhianaise chun gearradh Caesarach nach gá a laghdú	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Cecily	Begley	€558,687.00
Triail randamaithe rialaithe ag placebo ar dháileog íseal d'aspairín tosaithe sa chéad ráithe de chun an toradh i leith diaibéitis roimh iompar a bharrfheabhsú le linn toirchis	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Fionnuala	Breathnach	€776,996.00
Torthaí a fheabhsú do dhaoine óga fásta ar a bhfuil diaibéiteas chineál 1 in Éirinn: indéantacht D1 anois agus staidéar píolótach braisle randamaithe	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Seán	Dinneen	€679,255.00
An staidéar SEA-CHANGE: triail phíolótach randamaithe rialaithe ar Fhéinbhainistíocht tar éis Idirghabhála tar éis Ailse sa Ghrúpa Cinn agus Muinéil	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Pamela	Gallagher	€349,319.00
We Can Quit2: Triail phíolótach braisle randamaithe ar idirghabháil bunaithe sa phobal chun caitheamh tobac a chosc do mhná i gceantair faoi mhíbhuntáiste in Éirinn	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Catherine	Hayes	€540,744.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Coilcicín chun Athlasadh Soithíoch a Chosc i stróc Non-CardioEmbolic – triail chliniciúil randamaithe ar dháileog íseal de choilcicín um chosc tánaisteach an Stróic. Síneadh Thuaisceart na hEorpa	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Peter J	Kelly	€999,844.00
Indéantacht Idirghabhála chun Freastal ar Scagadh do Reitineapaite Dhiaibéiteach a Fheabhsú	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An Dr.	Sheena	McHugh	€243,393.00
Heipirin de mheáchan móilíneach íseal chun trombeambólacht fhéitheach athfhillteach a chosc sa toircheas: triail randamaithe ar dhá dháileog: staidéar HIGHLOW	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Fionnuala	Ni Ainle	€657,078.00
Hipearcaipnia éadrom teiripeach spriocdhírithe tar éis stad chairdiach athbheoite: Triail randamaithe rialaithe Chéim III in ionaid iolracha	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Alistair	Nichol	€999,995.00
Monatóireacht bunaithe ar Riosca Pobail don Triail Fibrilithe Aitriamaigh (CRAFT)	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtainí um Idirghabháil Dheifnídeach agus Indéantacht	An tOllamh	Martin	O'Donnell	€886,525.00
Géineolaíocht agus CRISPR a úsáid chun Cóireálacha Spriocdhírithe Nua a Phearsantú d'Othair ar a bhfuil Ailse Cíche Clainne	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Adrian	Bracken	€363,781.00
Smacht a Chur ar Mheitibileach Runaway Kynurenine Pathway: I dtreo Torthaí Cóireála Níos Fearr do Dhúlagar Trom	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Gerard	Clarke	€369,573.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
An gaol idir cloí le cógas agus fachtóirí timpeallachta agus géarú in othair ar a bhfuil asma trom	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Richard	Costello	€366,090.00
Aimsiú Bithmharcóirí i Riosca Fíor-ard don tSíocóis: i dtreo neamhoird shíocóisigh a thuar, neamhoird mheabhrach nach neamhoird shíocóiseacha iad agus téarnamh	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	David	Cotter	€369,895.00
Tionchar an Strus ar Thréscaoilteacht Gastraistéigeach le linn Toirchis: Impleachtaí do Imdhíoneolaíocht Máthar agus Néarafhorbairt Naíonán	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Timothy	Dinan	€179,670.00
Hormón Spreagthach Alpha Melanocyte agus Feabhais ar Fhulaingt Glúcóis i nDaoine: Ról an Roghnú agus an Úsáid Mhéadaithe an Ghlúcóis Mhatán Cnámharlaigh	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Neil	Docherty	€361,679.00
An Córas Heme Oxygenase mar Idirghabháil Theiripeach do Ghalar Athlastach Putóige	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Aisling	Dunne	€369,954.00
Measúnú ar luach tuartha na bparaiméadar imdhíonach agus histeolaíochta in adanacarcanóma an éasafagais agus paiteolaíocht dhigiteach á húsáid	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Margaret	Dunne	€369,808.00
Tréithriú feinitíopach agus feidhmiúil ar dhaonraí ceall imdhíonach in othair ACPA+ vs ACPA- RA Impleachtaí do straitéisí cóireála	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Ursula	Fearon	€325,958.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Drochthorthaí i ndaoine scothaosta a fhreastalaíonn ar an rannóg éigeandála (RÉ): staidéar measúnaithe tionchair ar aithint daoine scothaosta i mbaol (ISAR) riail um thuar cliniciúil	Ollscoil Luimnigh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Rose	Galvin	€369,088.00
Aghaidh a thabhairt ar stóir dianseasmhacha HIV: Measúnú ar aicmí nua mar ghníomhaire um thiontú thart na folachta mar chuid de straitéisí nua um chuir chuige i dtreo leighis ar HIV	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Virginie	Gautier	€368,922.00
IRISH-1: Staidéar cohóirt iardhearcach ar PD-L1 ag RNA ISH (RISH) mar bithmharcóir compánaigh a d'fhéadfadh a bheith níos fearr do choscairí seicphointí imdhíonacha i NSCLC	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Steven	Gray	€336,453.00
Riosca Ailse Gastraí Tionchar an Stádas Seiléiniam agus Éagsúlú Géiniteach Selenoprotein	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	David	Hughes	€321,605.00
An bhfaigheann muid bás sa chaoi chéanna ina maireann muid? Aois, stádas socheacnamaíoch, úsáid cúraim sláinte agus bealaí i dtreo báis in Éirinn?	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Rose Anne	Kenny	€369,995.00
Bailíochtú féideartha ar an gcóras comhlánaithe mar uirlis nua um aicmiú cóireála in othair ar a bhfuil adanacarcanóma éasafagach	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Niamh	Lynam-Lennon	€369,025.00
Craiceann i ngalar Parkinson – bithmharcóir féideartha?'	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Tim	Lynch	€335,588.00
Ról paiteolaíoch na hothrachta, an athlasta agus na himdhíonachta a mhíniú i sarcopenia bainteach le hailse in ailsí uachtaracha gastraistéigeacha	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Joanne	Lysaght	€336,590.00

Teideal	Ót-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
CERVIVA-Vax: Tionchar an vacsaínithe in aghaidh HPV in Éirinn a mhonatóiriú	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Cara	Martin	€369,660.00
Imscrúdú fadaimseartha bunaithe ar dhaonra ar athruithe i gcomhtháthú ilchéadfach le dul in aois agus a ról cúisíoch i dtarlú titime agus i meathlú cognaíoch i ndaoine scothaosta	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Fiona	Newell	€368,898.00
Ardtheiripic bunaithe ar scafall chun máchailí cnáimhe soithíochaithe de mhéid mór a athghiniúint	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Fergal	O'Brien	€369,918.00
An fhachtóir Low Von Willebrand in Éirinn (Staidéar ar Chohórt Leanaí (LoVIC-K)	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	James	O'Donnell	€369,360.00
Tá inscne tábhachtach! Spriocanna teiripeacha nua a aithint chun fairsinge mhéadaithe an dúlagair i mná i gcomparáid le fir a mhaolú	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Olivia	O'Leary	€357,498.00
Antasubstaintí monaclónacha xIL-6R mar chóireáil um dhífheidhmiú cuimhne sa tsamhail mdx mouse de Dhiostróife Mhatánach Duchenne	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Dervla	O'Malley	€158,285.00
Teiripe Néalaithe bunaithe ar Chealla a Fhorbairt do Ghéarshiondróm Anacair Riospráide	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Daniel	O'Toole	€364,687.00
An micribhithóm mar fhachtóir riosca agus bithmharcóir d'ailse éasafagais	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Paul	O'Toole	€288,034.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Samhaltú Cardashoithíoch Ilmhódach chun Míchumas a Thuar agus a Chosc i TILDA	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An tOllamh	Richard	Reilly	€369,984.00
Staidéar taighde modhanna measctha chun samhail inghlactha bunaithe ar fhianaise agus chleachtas a fhorbairt um chúram maolaitheach do dhaoine ar bhfuil néaltrú sa phobal	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Suzanne	Timmons	€357,724.00
Eipigéineolaíocht i bPataigineas Pseudoexfoliation Glaucoma	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Deborah	Wallace	€247,916.00
Cuir chuige mhalartacha i dtreo cúram sláinte uilíoch a bhaint amach – costais, torthaí agus dúshláin fhéideartha	An Institiúid Taighde Eac-namaíochta agus Sóisialta	Tionscadail faoi stiúir imscrúdaitheora	An Dr.	Maev-Ann	Wren	€370,036.00
Anailís ar Acmhainní Bitheolaíocha chun Meicníochtaí agus féinitíopaí nua a aithint i nGalair Néarmheathlúcháin "BRAINMEND"	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhchlár ar Ghalair Néaraimheathlúcháin	An tOllamh	Orla	Hardiman	€245,533.00
Idirghabháil aistriú frithsheasmhachta frith-mhiocróbaí sa slabhra bia (INART)	Teagasc	JPI Frithsheasmhacht Fhrith-mhiocróbach	An Dr.	Fiona	Brennan	€44,525.00
Aistriú MRSA ó bheostoc do dhaoine a chosc trí eisiamh iomaíoch (EXCLUDE MRSA)	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	JPI Frithsheasmhacht Fhrith-mhiocróbach	An Dr.	Marcus	Claesson	€172,227.00
Aistriú MRSA ó bheostoc do dhaoine a chosc trí eisiamh iomaíoch (EXCLUDE MRSA)	Teagasc	JPI Frithsheasmhacht Fhrith-mhiocróbach	An Dr.	Peadar	Lawlor	€184,880.00
Idirghabháil aistriú frithsheasmhachta frith-mhiocróbaí sa slabhra bia (INART)	Ollscoil Mhaigh Nuad	JPI Frithsheasmhacht Fhrith-mhiocróbach	An Dr.	Fiona	Walsh	€325,441.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Bitheolaíocht an Ghiúmair: An t-eolas a thugann íomháú inchinne agus staidéir ghéineolaíocha faoi Neamhord Dépholach	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An Dr.	Dara	Cannon	€29,089.00
Úsáid SAFE Cógas in Éirinn a Chur in iúl agus a Chur chun cinn	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Kathleen	Bennett	€56,216.00
INTeRACT for Health: Acmhainn Aistriú Comhtháite a Mhéadú um Thionchar	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Molly	Byrne	€59,065.00
Inchinn, Aigne agus Síocóis: Spéis daoine óga a chothú i bhfoghlaim faoi thaighde	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Mary	Cannon	€31,850.00
An Tionscadal Chruthú Beochana um Meabhairshláinte Óige	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	Ms	Helen	Coughlan	€22,633.00
Laochra agus Drochdhaoine na hInchinne	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Kumlesh K	Dev	€29,950.00
Ag Foghlaim faoi Thrialacha – le haghaidh leanaí, ag leanaí	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Declan	Devane	€59,981.00
Tionscadal um Malartú Eolais ag Cúramóirí Teaghlaigh	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Gerard	Fealy	€31,153.00
Beartas a stiúradh le sonraí: Sainsheirbhís inbhuanaithe fhadtéarmach um scléaróis chliathánach amatrófach	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Orla	Hardiman	€19,968.00
An chomhpháirtíocht StrokeCog: idirghabháil éifeachtach trí chomhar	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Anne	Hickey	€53,325.00
Airíonna nach airíonna luaileacha iad i nDiostóine agus Diostóine Ceoltóra	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Michael	Hutchinson	€51,750.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Fianaise chun Tacú le Cosc Cur i bhFeidhm agus Aistriú – Aistriú Eolais (ESPRIT-KT)	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Patricia	Kearney	€59,988.00
Láithreán gréasáin a fhorbairt um Feasacht Phoiblí faoi Úsáid Ríomhairí in Athshlánú Afáise	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	Ms	Aine	Kearns	€15,733.00
Aclaíocht Phobail	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Michael	Gill	€58,849.00
Ceird an Toirchis	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Fergal	Malone	€59,911.00
Ag Labhairt faoi Shábháilteacht (SUAS)	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Eilish	McAuliffe	€15,031.00
Ár nGuthanna, ár dTionchar	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Mary	McCarron	€60,000.00
An tionscadal LinkT (Aistriú eolais a Nascadh): fianaise a cheangal, a chomhtháthú agus a aistriú chun difríocht a dhéanamh do theaghlaigh	Ollscoil Mhaigh Nuad	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Sinead	McGilloway	€59,943.00
Acmhainn oideachasúil faoi Ghéineolaíocht Ailse a fhorbairt ar líne d'fhoghlaimeoirí cúraim sláinte fochéime agus iarchéime	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An Dr.	Terri	McVeigh	€16,000.00
PATHFINdEr: Eolas do thuismitheoirí faoi Hipiteirme Theiripeach tar éis Einceifealapaite Iarbhreithe	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Eleanor	Molloy	€32,468.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Bímis ag caint – agus ag glacadh gnímh – maidir le cloí i gcás na hilghalrachta – acmhainn teagaisc agus fhoghlama do chleachtas ginearálta	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Andrew	Murphy	€32,600.00
Mistéirí na Imdhíon-teiripí Ailse a Fhuascailt – r-Chúrsaí do Ghairmithe Cúraim Sláinte san Oinceolaíocht	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Cliona	O'Farrelly	€32,725.00
An Inchinn faoi Bhrú agus Dúlagar	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Veronica	O'Keane	€31,026.00
CERVIVA: An Tionscadal HPV Educate	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	John	O'Leary	€59,587.00
Rómheáchan agus Otracht in Éirinn: an beartas a chur i ngníomh	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Ivan	Perry	€59,681.00
Ag Éisteacht le hInchinn an Linbh Nuabheirthe	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An Dr.	Andriy	Temko	€13,300.00
Fóram saineolaithe chun cumas bhaill teaghlaigh IL-1 a chur chun cinn mar theiripic nua in IBD	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An Dr.	Patrick	Walsh	€26,563.00
Tacú le daoine aonair agus le heagraíochtaí atá i mbun fluairídiú uisce pobail a chur i bhfeidhm	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais	An tOllamh	Helen	Whelton	€56,401.00
Measúnú Fadaimseartha ar Fheidhm Chairdiach i Naíonáin ar a bhfuil Siondróm Down agus úsáid á baint as Teicnící Nua Cardagrafaíochta Macalla	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Scéim Mhaoinithe NCHF/an BTS	An tOllamh	Afif	EL-Khuffash	€292,648.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Cúram príomhúil agus éigeandála neamhsceidealaithe leanaí in Éirinn: cinnteoireacht, treochtaí agus tuairimí tuismitheora (CUPID)	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Scéim Mhaoinithe NCHF/an BTS	An tOllamh	Eilish	McAuliffe	€293,767.00
Cluas éisteachta a thabhairt: "iPeer2Peer" agus "Teens Taking Charge" Féinbhainistíocht Ar Líne chun Leanaí ar a bhfuil Airtríteas a Chumhachtú	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Scéim Mhaoinithe NCHF/an BTS	An tOllamh	Brian	McGuire	€296,794.00
Clár Taighde – Tascfhórsa ar Sholáthar Foirne agus Meascán Scileanna don Altranas	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Soláthar Altraí agus Meascán Scileanna	An tOllamh	Jonathan	Drennan	€893,462.00
Conas is féidir le straitéis um oideasú ildhisciplíneach tacú le oideasú cuí forlíontacha cothaithe béil (FCB) ag dochtúirí ginearálta na hÉireann (GPanna)?	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	An tOllamh	Clare	Corish	€276,335.00
Conas is fearr is féidir le seirbhísí meabhairshláinte agus cúram príomhúil oibriú as lámh a chéile chun torthaí sláinte fisicí a fheabhsú i measc othar a thagann i láthair leis an gcéad eipeasóid de shíocóis? Staidéar modhanna measctha	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	An tOllamh	Walter	Cullen	€276,539.00
OPTI-MEND: Measúnú agus Idirghabháil Luath ag Gairmithe Cúraim Sláinte agus Shóisialta sa Rannóg Éigeandála (RÉ) a Bharrfheabhsú	Ollscoil Luimnigh	Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	An Dr.	Rose	Galvin	€277,166.00
Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Dhul in Aois Tonn 5 agus 6 (TILDA)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	TILDA	An tOllamh	Rose Anne	Kenny	€10,000,000.00
Samhaltú córas ar ilchineálacht siada agus freagairt teiripe in ailse cholaireicteach	Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	Dámhachtain Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann	An tOllamh	Jochen	Prehn	€787,839.00

CEANNAIREACHT AGUS ACMHAINN A FHORBAIRT						
Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Forbairt agus bailíochtú bithmharcóirí diagnóiseacha um reachta néaramheathlúcháin bunaithe ar thomhais MRI ar réigiúin phatanómacha inchinne	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Peter	Bede	€741,799.00
Aimsiú agus Bailíochtú Bithmharcóirí i Neamhord ar Speictream an Uathachais: Staidéar ar Fhuil Sreanga Iarbhreithe i gCohóirt Bhreithe Idirnáisiúnta	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Jane	English	€799,958.00
Samhaltacha líonra Bhayesaigh a úsáid chun tionchar idirghabhálacha sláinte poiblí ar fhairsinge galar a thuar i dtaighde ar shláinte daonra	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	John	Ferguson	€799,958.00
An Tionscadal um Choinneáil agus Spreagadh Dochtúirí Ospidéil (HDRM)	Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Niamh	Humphries	€799,507.00
Clár bunaithe san ionad oibre a fhorbairt chun iompraíocht sláinte agus féinchúraim a chur chun cinn i measc chúramóirí teaghlaigh atá ag obair	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Attracta	Lafferty	€798,233.00
Díriú ar mheitibileacht do chóireáil aonraithe um ailse reicteach: Síniú tuartha faoi stiúir maíochtaí a fhorbairt ar fhreagairt do theiripe 'chemoradiation' agus straitéis nua theiripeach neo-aidiúvach	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Niamh	Lynam-Lennon	€660,992.00

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Mífheidhmiú miteacoindreach agus meitea-athlasadh a iniúchadh mar líonra pataigineach roinnte i réamheaclaimsia agus diabetes mellitus le linn toirchis	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Cathal	McCarthy	€793,072.00
Creat ualaigh 'allostatic' chun difríochtaí sóisialta i sláinte agus mortlaíocht a thuiscint	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Cathal	McCrory	€742,669.00
An Bonn Fianaise a Fheabhsú um Anailís ar Chostéifeachtacht in Éirinn: Feabhsúcháin a Fhorbairt ó Leibhéal Idirghabhála Sonraí go Leibhéal Córais Iomláin	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	James	O'Mahony	€606,833.00
Faire chomharsanachta an ae: cosnaíonn cealla scriostóra nádúrtha rialála atá lonnaithe san fhíochán ó dhíchúiteamh ae in othair ar a bhfuil galar ae ainsealach	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Mark	Robinson	€799,003.00
Déileáil le hAthlasadh Fíocháin Saille trí Hiopocsa Eatramhach: I dtreo Leighis Phearsantaithe um Aipnia Chodlata Shuaiteach	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí d'Imscrúdaitheoirí Nua	An Dr.	Silke	Ryan	€745,209.00
An Chomhaltacht Choiscthe Ailse	Ollscoil Luimnigh	Comhaltacht an NCI um Chosc Ailse	An Dr.	Maeve	Kiely	€125,456.00
Ionadaíochtaí coisctheacha: a bhfoirmiú, a modhnú agus a bhfeidhm i gciorcaid chuimhne	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtain Iontaobhas Wellcome d'Imscrúdaitheoirí	An tOllamh	Mani	Ramaswami	€2,336,257.00
Príomhfhabhráin agus aosúchas ceallach	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Dámhachtain Síl an Wellcome Trust	An Dr.	Ciarán	Morrison	€110,911.00

BONNEAGAR AGUS LÍONRAÍ						
Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an Phríomhth aighdeora	Céadainm an Phríomhth aighdeora	Sloinne an Phríomhth aighdeora	Méid
Áis Taighde Chliniciúil an BTS, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh 2018-2021	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Áis Taighde Chliniciúil	An tOllamh	Joseph	Eustace	€15,200,529.00
Áis Taighde Chliniciúil an BTS, Gaillimh 2018-2021	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Áis Taighde Chliniciúil	An tOllamh	Martin	O'Donnell	€9,052,810.00
Líonra Taighde Modheolaíochta Trialacha an BTS (HRB-TMRN) 2017-2021	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Líonra Taighde Modheolaíochta Trialacha	An tOllamh	Declan	Devane	€1,399,946.00
Líonra Taighde Modheolaíochta Trialacha an BTS (HRB-TMRN) 2017-2021 - Píolótach: Oideachas agus oiliúint le haghaidh earcaitheoirí do thrialacha randamaithe	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Líonra Taighde Modheolaíochta Trialacha	An tOllamh	Declan	Devane	€349,702.00
Dámhachtain PPI Ignite – Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	Scéim PPI Ignite	An tOllamh	Seán	Dinneen	€349,997.00
Dámhachtain PPI Ignite – Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Scéim PPI Ignite	An tOllamh	Thilo	Kroll	€349,954.00
Dámhachtain PPI Ignite – Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Scéim PPI Ignite	An Dr.	Veronica	Lambert	€349,293.00
Dámhachtain PPI Ignite – Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Scéim PPI Ignite	An tOllamh	Mary	McCarron	€349,997.00
Dámhachtain PPI Ignite – Ollscoil Luimnigh	Ollscoil Luimnigh	Scéim PPI Ignite	An tOllamh	Anne	MacFarlane	€348,909.00
Bainisteoir Tionscadail agus Bainisteoir Malairte Eolais	Ospís Mhuire Máthar Teoranta	AIIHPC	Ms	Karen	Charnley	€210,000.00
Áis Taighde Chliniciúil an Wellcome-an BTS in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath 2018-2021	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Áis Taighde Chliniciúil	An tOllamh	Martina	Hennessy	€7,103,289.00

Aguisín C

Dámhachtainí Comh-mhaoinithe an BTS

Scéim	Comhpháirtí comh-mhaoinithe	Leithdháileadh comh-mhaoinithe	Dámhachtain iomlán	Scair an BTS
Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	Comhpháirtithe comh-mhaoinithe ó eagraíochtaí earnáil sláinte na hÉireann	€453,456.00	€2,644,329.00	€2,190,873.00
Comhaltacht an NCI um Chosc Ailse	Institiúid Náisiúnta um Ailse, SAM	€51,750.00	€125,456.00	€73,706.00
Scéim Mhaoinithe NCHF/an BTS	Fondúireacht Ospidéal Náisiúnta na Leanaí	€883,209.00	€883,209.00	€0.00
Comhar Taighde ar Cháilíocht agus Shábháilteacht Othair	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	€415,020.00	€830,040.00	€415,020.00
Dámhachtain Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus comhpháirtithe comh-mhaoinithe i dTuaisceart Éireann agus i SAM	€393,920.00	€787,839.00	€393,919.00
Dámhachtain Iontaobhas Wellcome d'Imscrúdaitheoirí	Wellcome agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	€1,168,128.25	€2,336,257.00	€1,168,128.75
Dámhachtain Síl an Wellcome Trust	Wellcome agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)	€27,727.75	€110,911.00	€83,183.25
Áis Taighde Chliniciúil	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	€3,503,289.00	€7,103,289.00	€3,600,000.00
Áis Taighde Chliniciúil	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€11,200,529.00	€15,200,529.00	€4,000,000.00
Áis Taighde Chliniciúil	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	€5,097,810.00	€9,052,810.00	€3,955,000.00
		€23,194,839.00	€39,074,669.00	€15,879,830.00

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2018
ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó:
An Bord Taighde Sláinte
Teach Mhig Reachtain
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

t 353 1 234 5000
f 353 1 661 2335
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie